CRR

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019




Sonraí Teagmhála

Suíomh Idirlín www.crr.ie

Guthán +353 1 2068110

Rphost info@crr.ie

Seoladh Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire
Éirchód A94Y5W5

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen as ucht a chead a gcuid íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo.

CLÁR


Tuairisc an Choimisinéara . . . 3
Foireann Bainisteoireachta . . . 5
Ról an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid . . . 6
Aonáin Iarnróid faoi réir Rialála . . . 7
Líon na bPaisinéirí . . . 7
Iarnród Éireann . . . 7
LUAS *(Transdev)* . . . 7
Straitéis an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid . . . 7
Tuairisc an Phríomhchigire – Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht . . . 9
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse *(APIS)* . . . 9
*APIS* - Bonneagar . . . 10
*APIS* - Comharthaíocht agus Teileachumarsáid . . . 10
*APIS* – Rothstoc . . . 11
Iarnróid Oidhreachta . . . 11
Aonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM) . . . 12
Bealaí Cáblaí . . . 12
Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht . . . 13
Tiománaithe Traenach a Cheadúnú . . . 13
Tuairisc an Phríomhchigire – Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú . . . 14
Maoirseacht & Forfheidhmiú . . . 14
Iniúchóireacht ar Chomhlíonadh (Maoirseacht Réamhghníomhach) . . . 15
Cigireacht Iar- Eachtra (Maoirseacht Fhrithghníomhach ar Thionóiscí nó Eachtraí) . . . 17
Cigireacht . . . 17
Forfheidhmiú . . . 18
Torthaí iniúchóireachta, cigireachta agus cigireachta iar-eachtra a chur i ngníomh . . . 18
Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta an AITI . . . 19
Eagraíochtaí eile iarnróid . . . 19
Foláirimh ón Tionscal . . . 20
Uiríll . . . 20
Feidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta . . . 21
Measúnacht ar Chultúr Sábháilteachta . . . 21
Tuairisc an Phríomhchigire – Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta . . . 22
Idir-inoibritheacht agus sábháilteacht Iarnróid i limistéar iarnróid aonair an AE . . . 22
Cúnamh eile don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt . . . 23
Iompar earraí contúirteacha . . . 23
Tuairisc an Cheannaire Rialachais & Rialála . . . 24
Rialachas Corparáideach agus Riarachán . . . 24
Cúrsaí Airgeadais . . . 24
Luach Saothair Iomlán Fhoireann an CRI . . . 25
Tiomantas don Ghaeilge . . . 25
Saoráil Faisnéise . . . 25
Cairt Chustaiméirí . . . 25
Tuairisceoireacht Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh . . . 25
Socruithe rialachais an CRI leis an Roinn . . . 26

Ráiteas Straitéise 2018 – 2020. . . . . 26
Tuairisc faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014.. . . . . 26
Cosaint Sonraí. . . . . 26
Tuairisc an Phríomhchigire Rialála Iarnróid . . . . . 27
Rialáil Iarnróid. . . . . 27
Údarás Ceadúnúcháin d'Eagraíochtaí Iarnróid . . . . . 27
Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách.. . . . . 28
Comhlacht Rialála. . . . . 28
Tuairisc Chuimsitheach an Choimisinéara don Aire . . . . . 29
Aguisín 1.. . . . . 31
Litreacha Ceadaithe Chéimeanna APIS. . . . . 31
Aguisín 2 . . . . . 32
Turais ag Paisinéirí ar líonra Iarnród Éireann. . . . . 32
Turais ag Paisinéirí ar líonra LUAS . . . . . 32
Aguisín 3.. . . . . 33
Aguisín 4. . . . . 39
Tábla 1: Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Básanna & Gortuithe . . . 39
Tábla 2: Staitisticí maidir le himbhuailtí traenach de réir na bliana de réir catagóirí. . . . . 40
Graf 2: Líon iomlán na n-imbhuailtí traenach de réir na bliana . . . . . 40
Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (*SPADanna)* . . . . . 41
Traenacha a d'imigh de na ráillí. . . . . 41
Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre (Imbhuailtí) a bhain le tramanna de réir na bliana . . . . . 42
Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu *(SPADanna)* LUAS . . . . 42
Tramanna a d'imigh de na ráillí. . . . . 43
Staitisticí Breise maidir le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta . . 43
Aguisín 5.. . . . . 44
Iarnróid Oidhreachta le Deimhniú Sábháilteachta reatha . . . . . 44
Iarnróid Oidhreachta nach bhfuil Deimhniú Sábháilteachta reatha acu . . . . . 45



# TUAIRISC AN CHOIMISINÉARA

## DON AIRE SHANE ROSS, AIRE IOMPAIR, TURASÓIREACHTA, AGUS SPÓIRT

A Aire,

Tá sé ina údar áthais don Choimisiún um Rialáil Iarnroíd a thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2019 a chur faoi do bhráid.

Bhí clár iomlán pleanáilte ag an gCoimisiún le hiomlán na n-acmhainní a bhí riachtanach lena aghaidh in 2019. B'éigean aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán breise a bhain lenár bhfeidhmeanna sábháilteachta agus rialála i rith na bliana freisin.

Chun ár bhfeidhmeanna sábháilteacha a chomhlíonadh, thug an Coimisiún faoi raon gníomhaíochtaí a bhain le comhfhoirmeacht, údarú le cur i mbun seribhíse, ceadúnú, monatóireacht, maoirseacht agus forfheidhmiú. Dírítear na gníomhartha sin ar oibriú sábháilte leanúnach an líonra iarnróid agus traimbhealaigh sa Stát. I ndáil le measúnacht ar chomhfhoirmeacht agus le húdarú le cur i mbun seirbhíse, d'eisigh an CRI naoi ndeimhniú sábháilteachta agus trí litir údarúcháin is fiche. In 2018, chuir an CRI tús le hathbhreithniú ar a amlínte measúnachta ar chomhfhoirmeacht ionas go bhféadfaí an impleacht ó thaobh acmhainní don ghníomhaíocht seo a leathadh go cothrom bliain ar bhliain seachas gach athdheimhniúchán a bheith ag tarlú in amlíne cúng. Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas seo agus eisíodh na deimhnithe sábháilteachta in 2019.

Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna maoirseachta agus forfheidhmiúcháin le béim ar thacaíocht, chomhairle, spreagadh agus ordú i gcás gur riachtanach sin. Leis an ngníomhaíocht mhaoirseachta, cuireadh sé iniúchóireacht i gcrích a bhain le ceithre aonán faoi rialáil rud a d'fhág gur aithníodh dhá chás mhórchúiseacha nár comhlíonadh rialacháin srl. ina leith, sé chás mhionchúiseacha agus aon ghníomh is tríocha eile thairis sin a bhí riachtanach. Cuireadh naoi gcigireacht is ochtó san iomlán i gcrích freisin. B'éigean forfheidhmiú foirmiúil i bhfoirm Phlean Feabhsúcháin nó Fógra Feabhsúcháin tar éis iniúchóireachta nó cigireachta i seacht gcás. D'eisigh an CRI aon ghníomh riachtanach is tríocha tar éis iniúchóireachta agus seacht gcinn is daichead tar éis cigireachta in 2019.

Mar ullmhúchán i gcás go dtarlódh Breatimeacht gan mhargadh, choinnigh an Coimisiún i ndlúth-theagmháil i gcaitheamh 2019 le *Translink* Iarnród Thuaisceart Éireann (ITÉ) agus le hIarnród Éireann i ndáil le feidhmiú leanúnach na seirbhíse *Enterprise*. Rinneadh obair fhorleathan i gcomhar le *Translink* ITÉ lena chinntiú go mbeidís i riocht leanúint ar aghaidh le bheith ag oibriú mar eagraíocht iarnróid a chomhlíonfadh na ceanglais riachtanacha d'eagraíochtaí iarnróid sa Stát ó thaobh ceadúnúcháin, deimhniúcháin agus ceadúnas tiománaithe traenach.

Bhronn Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair an conradh oibriúcháin agus cothabhála ar *Transdev* chun líonra iarnróid éadroim LUAS Bhaile Átha Cliath a oibriú le héifeacht ón 1ú Nollaig 2019. Ceanglaíodh ar an CRI tabhairt faoin measúnacht dhlíthiúil ar chomhfhoirmeacht ar *Transdev* chun an deimhniú sábháilteachta riachtanach a bhronnadh chun oibriú faoin gconradh. Tar éis idirghníomhaíocht agus athbhreithniú forleathan ar an gcáipéisíocht riachtanach, eisíodh deimhniú sábháilteachta chomh fada le mí na Samhna 2019.

Leanamar ar aghaidh leis an monatóireacht ar mar a chuir eagraíochtaí iarnróid gníomhartha arna n éileamh ag an CRI i ngníomh chomh maith le moltaí sábháilteachta an Aonaid um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid.

Fuair an CRI ceithre thuairisc imscrúdúcháin ón Aonad um Imscúdú Tionóiscí Iarnróid in 2019. Bhí 34 mholadh san iomlán sna tuairiscí sin. Is ar an eagraíocht nó ar na heagraíochtaí iarnróid a bhíonn i gceist a dhírítear Moltaí Sábháilteachta a dhéanann an AITI de ghnáth ach seoltar chuig an CRI iad mar an t-údarás a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mar a chuirtear na moltaí i ngníomh.

Bíonn an CRI, mar an comhlacht monatóireachta neamhspleách, ag déanamh monatóireachta ar sheachadadh an chláir infheistíochta laistigh de Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair, faoi mar atá leagtha amach i

## TUAIRISC AN CHOIMISINÉARA
### DON AIRE SHANE ROSS, AIRE IOMPAIR, TURASÓIREACHTA, AGUS SPÓIRT

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialáil Iarnród) 2015. I ndáil leis an gconradh a bhí i bhfeidhm in 2019, chuir an CRI an t-athbhreithniú agus na ceanglais tuairisceoireachta i gcrích ar aon dul le critéir an chonartha. Rannchuidigh an CRI leis an athbhreithniú ar an gconradh a bhí i bhfeidhm idir 2014-2018 a thionscain an Roinn ITS. Tháinig roinnt moltaí arbh infheidhme maidir leis an gconradh nua dá thoradh sin. Áiríodh leis sin an raon níos leithne de phríomhtháscairí feidhmíochta a mhol an CRI. Déanfaidh an CRI monatóireacht ar Chonradh Ilbhliantúil nua an Bhainisteora Bonneagair idir an tAire Iompair Turasóireachta agus Spórt agus Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2020.

Lorg and fuair an CRI ceadú le haghaidh beirt bhaill bhreise foirne mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar acmhainní chun a shainchúram a chomhlíonadh mar an tÚdarás agus an Rialtóir Náisiúnta Sábháilteachta. Leis an gceadú sin, tagann líon iomlán na foirne laistigh den CRI go 17. Is é taithí an CRI agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, go bhfuil ardéileamh ann ar innealtóirí, arb iad a dhéanann formhór fhoireann an CRI, agus mar sin, baineann dúshlán suntasach le baill foirne a choinneáil agus a earcú.

Roghnaigh Éire, mar aon le roinnt ballstát eile, dáta Mheitheamh 2020 chun an 4ú Pacáiste um Idir-Inoibritheacht Iarnróid agus Treoracha na gColún Sábháilteachta Teicniúla a thrasuíomh. Cuireadh tús le hobair in 2019 chun tacú leis an Roinn ITS leis an tasc seo. Ceann de na hathruithe suntasacha a thiocfaidh de thoradh an trasuímh is ea úsáid na Gníomhaireachta Eorpaigh Iarnróid mar shiopa aon stad don deimhniú sábháilteachta agus údarú feithiclí. Mar ullmhúchán le haghaidh sin, chuir an CRI tús le hoiliúint a fhoirne sna córais nua in 2019.

Ba é €2.46m an maoiniúchán iomlán d'fheidhmeanna an Choimisiúin in 2019. Leanann an Coimisiún ar aghaidh le bheith ag fáil fhormhór a chuid maoiniúcháin tríd an tobhach bliantúil a chuireann an CRI ar na haonáin atá faoi réir rialála (€2.02m) agus faightear an iarmhéid mar Dheontas i gCabhair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€0.44m). Leithdháiltear an tobhach ar bhonn leibhéal an údaraithe agus/nó maoirseachta a dhéanfar ar gach aonán sa bhliain tobhaigh sin.

Fuair an CRI aon uiríoll is caoga a bhain le raon saincheisteanna bonneagair agus oibriúcháin ar na hiarnróid troma agus éadroma, suas ó aon cheann is tríocha sa bhliain roimhe ach fós níos ísle ná an chúig bliana eile roimhe. Rinneadh athbhreithniú ar h-uiríll ar fad a fuair an CRI agus gníomhaíodh ina leith.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí iarnróid tuairisc bhliantúil sábháilteachta a chur faoi bhráid an CRI faoin 30ú Meitheamh gach bliain maidir leis an mbliain roimhe. Cé go soláthraítear cuid de na sonraí laistigh den tuarascáil bhliantúil seo, foilsíonn an CRI a Thuairisic faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid i dtreo dheireadh gach bliana. Foilsíodh an tuarascáil iomlán i gcomhair 2018 i mí na Nollag 2019 ar shuíomh idirlín an CRI.

Athbhunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid le ballraíocht nua arna hainmniú ag na grúpaí ionadaíocha arna sonrú san Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus ag an Aire. Tá an CRI ag tnúth le bheith ag oibriú leis an gcomhairle i rith a tionachta agus ag leanúint ar aghaidh le bheith ag soláthar áiseanna agus seirbhísí chun cabhrú leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tharla roinnt forbairtí nua/nuálacha a bhain le feidhmeanna an CRI in 2019. Go luath in 2019, chuir Comhairle Contae Chorcaí tús le hidirghníomhaíocht tosaigh leis an CRI i ndáil le bealach cábla nua a dhearadh agus a fhorbairt ag Ceann Baoi, Contae Chorcaí. Mar bhealach cábla nua, beidh sé riachtanach údarú a fháil ón CRI ar aon dul le ceanglais Rialachán an AE 106/424 chun é thógáil agus le dul i mbun seirbhíse. Is é sin an chéad údarú dá leithéid a eiseoidh an CRI sa Stát. Lena chois sin, fuair an Coimisiún fiosrú agus cuireadh iarratas pleanála faoina bhráid in 2019 a bhain le veilearáille - gníomhaíocht áineasa lena n-úsáidtear feithiclí beaga a chuirtear ar iarnród a ghluaistear le cumhacht na dtroitheán chun ligean don fheithicil gluaiseacht ar feadh líne iarnróid dí-úsáidte.

Leanann an Coimisiún ar aghaidh le bheith ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglas an Chóid Chleachtais athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus in 2019.

Braitheann aon eagraíocht go huile is go hiomlán ar cháilíocht agus ar phroifisiúntacht a fhoirne dá rath agus don mhéid a bhaineann sé amach. Ba mhaith liom mar sin mo bhuíochas a thabhairt do gach ball d'fhoireann an CRI agus aitheantas a thabhairt dá dtiomantas leanúnach agus dá gcuid oibre crua leanúnaí i gcaitheamh bliana lenar bhain dúshláin bhreise le cois agus os cionn a chláir saothair phleanáilte.

**Brian Higgisson**

Coimsinéir

# FOIREANN BAINISTEOIREACHTA




**Coimisinéir**


**Príomhchigire -** Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht.

**Príomhchigire –** Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú

**Príomhchigire –** Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta

**Ceannaire Rialachais Chorparáidigh agus Rialála**

# CAIRT EAGRÚCHÁIN



## RÓL AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid *(RSA)* 2005. Is é an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar na h-eagraíochtaí iarnróid troma agus éadroma araon a sholáthair beagnach 98 milliún turas do phaisinéirí sa Stát in 2019. Faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir ón AE 2004/49/CE), faoi mar atá léirithe in I.R. Uimh. 444 de 2013, is é an CRI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann.

Ceanglaítear ar an CRI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid gníomhaíochtaí go héifeachtach. Baintear é sin amach sna bealaí seo a leanas:

- Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht – Is éard a bhíonn i gceist leis seo Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) eagraíochtaí iarnróid a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas bunaithe ar dhlíthe an AE sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhnithe sábháilteachta orthu.
- Údarú le Cur i mBun Seirbhíse *(APIS)* – Is éard a bhíonn i gceist leis seo iarratais APIS a mheasúnú le haghaidh bonneagar iarnróid, trealaimh comharthaíochta agus rialaithe orduithe, trealaimh soláthair fuinnimh agus rothstoic, atá nua nó athraithe, de réir forálacha Náisiúnta agus an AE.
- Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú – Is éard a bhíonn i gceist leis seo iniúchóireacht agus cigireacht araon a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear i measúnacht ar chomhfhoirmeacht, cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh, chomh maith le cinntiú go mbíonn moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá.
- Aonán i gCeannas ar Chothabháil – Ag soláthar deimhnithe agus faireachais bhliantúil ar aonáin atá i gceannas ar chothabháil in Éirinn de réir Rialachán Choimisiún an AE 445/2011.
- Comhchuibhiú Eorpach & Reachtaíochta – Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuibhiú le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bharr, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

Faoin Treoir ón Eoraip 2012/34, faoi mar atá léirithe in I.R. Uimh. 249 de 2015, is é an CRI an Comhlacht Rialála, an tÚdarás Ceadúnúcháin agus an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách don earnáil iarnróid throim sa Stát. Sa chomhthéacs seo tá na feidhmeanna rialála breise seo a leanas aige:

- Eagraíochtaí Iarnróid a Cheadúnú i gcás gur mian leo teacht ar an líonra;
- Monatóireacht Neamhspleách ar an gConradh Ilbhliantúil atá idir an tAire agus an Bainisteoir Bonneagair;
- Maoirseacht ar an réimeas maidir le leithdháileadh agus praghsáil rochtana ar rianta Iarnród Éireann agus breithniú ar achomhairc ó Eagraíochtaí iarnróid

Is é an CRI an tÚdarás Inniúil freisin a ainmníodh:

- Le haghaidh iompar earraí contúirteacha ar iarnród.
- Le haghaidh bealaí cáblaí a bhaineann le suiteálacha a dearadh chun daoine a iompar.
- Le haghaidh maoirseachta agus rialála ar dheimhniúchán tiománaithe traenach.

## AONÁIN FAOI RÉIR RIALÁLA

Bhí na haonáin seo a leanas faoi réir a rialála ag an CRI in 2019.

Iarnród Éireann - Bainisteoir Bonneagair; Iarnród Éireann – Eagraíocht Iarnróid; *Transdev* (Oibreoir LUAS); *Rhomberg* Sersa Ireland Teoranta; *Translink*, Iarnróid Thuaisceart Éireann; Bonneagar Iompair Éireann; *Balfour Beatty Rail Ireland*; Bord na Mona; *Belmont Grand Hibernian*; *Railway Preservation Society of Ireland*; Iarnróid Oidhreachta.

## LÍON NA BPAISINÉIRÍ

**Iarnród Éireann**

Chonacthas fás leanúnach ar líonra iarnróid Iarnród Éireann in 2019 agus breis is 50 milliún1 turas déanta ag paisinéirí, arb ionann sin agus méadú 4.8% agus an figiúr ab airde i stair na cuideachta ó thaobh na dturas ag paisinéirí. Chonacthas arduithe ar líon na dturas ag paisinéirí sheirbhísí an Dart, Comaitéireachta agus Idirchathrach ar fad freisin.

**LUAS *(Transdev)***

Chonacthas fás leanúnach in 2019 ar líonra iarnróid éadroim LUAS freisin agus 48 milliún[1] turas déanta ag paisinéirí, arb ionann sin agus méadú istigh agus amuigh ar 15% ar 2018. Léiríonn na figiúir an chéad bhliain iomlán den bhreisiú ar acmhainn na Líne Glaise, agus dhá thram, ar cuireadh síneadh leo le déanaí, a tugadh i mbun seirbhíse amach in 2019 lena chois sin.

Soláthraítear treochtaí maidir le turais phaisinéirí in Aguisín 2.

## STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID

Tá an Coimisiún um Rialáil Iarnróid i mbun an dara bliana anois dá chúigiú Ráiteas Straitéise reatha (2019 – 2020) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid. Forbraíodh é le rannpháirtíocht na foirne agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

Agus an Straitéis seo á forbairt, d'aithin an Coimisiún go leanann forbairt rialáil na hearnála iarnróid ar aghaidh ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon. Tá an Straitéis seo i gcomhthéacs ina bhfuil cúinsí dúshlánacha sa chúlra ó thaobh forbairtí buntábhachtacha maidir le reachtaíocht agus beartais. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta don obair atá le déanamh go luath chun na Treoracha ábhartha a thrasuíomh, lena dtabharfar an Ceathrú Pacáiste Iarnróid i bhfeidhm i mí Mheitheamh 2020, chomh maith le Plean Náisiúnta Forbartha 2019 – 2027 an Rialtais agus an Breatimeacht.

Mar a bhíothas ag súil leis, tá an fráma ama don Straitéis seo ina thréimhse ina leanfaidh fás agus téarnamh na heacnamaíochta ar aghaidh, rud lena dtabharfar éilimh mhéadaithe ar an iompar poiblí agus trácht méadaithe ar na córais iarnróid náisiúnta troma agus éadroma. Is é príomhaidhm an Choimisiúin i gcónaí a chinntiú go n-oibreoidh an bonneagar náisiúnta iarnróid agus na heagraíochtaí iarnróid sa tír faoi chórais bhainistíochta sábháilteacha éifeachtacha lena seachadófar iompar iarnróid sabháilte inbhuanaithe.

[1] : Figiúir thosaigh an Údaráis Náisiunta Iompair 2019.

**Misean:** Tá rún daingean ag an CRI an tsábháilteacht iarnróid a thabhairt ar aghaidh, córais iarnróid ardfheidhmíochta inbhuanaithe a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus rochtain chothrom a chinntiú ar ghnáthlíonra iarnróid na hÉirinn in Éirinn tríd an rialáil, monatóireacht, spreagadh agus cur chun cinn.

**Fís:** Iarnróid a sheachadann go sábháilte.

**Cuspóirí:**

***Tosaíocht 1***: Feabhsú leanúnach a chinntiú ar fheidhmíocht na gcóras iarnróid troma agus éadroma ó thaobh na sábháilteachta.

***Tosaíocht 2:*** Monatóireacht éifeachtach a bhaineann le bonneagar iarnróid, rochtain agus ceanglas ceadúnúcháin limistéir an líonra aonair Eorpaigh..

***Tosaíocht 3***: Tacú le tionscnaimh bheartais an rialtais um iompar poiblí a dhírítear ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí líonraí agus sheirbhísí iompair iarnróid sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíocha.

***Tosaíocht 4:*** Cinntiú go mbeidh feasacht agus tuiscint ag an tionscal ar athruithe atá ag teacht ar thimpeallacht na Rialála iarnróid náisiúnta agus Eorpaí.

***Tosaíocht 5:*** Bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta a sheachadann cáilíocht agus luach sa mhéid a dhéanaimid.





# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE – ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMHFHOIRMEACHT

## ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE (APIS)

Tá an ceanglas go bhfeidhmeoidh an CRI Údarú le Cur i mBun Seirbhíse ar chórais iarnróid ar reachtaíocht de chuid an AE agus ar Reachtaíocht Náisiúnta. Is iad seo príomhcheanglais dlíthiúil an AE, an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht 2008/57/CE *(IOD)*, an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid *(RSD)* 2004/49/CE agus an comh-mhodh sábháilteachta don mheastóireacht agus don mheasúnacht ar rioscaí AE/402/2013. Rialaítear ceanglais náisiúnta leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Is infheidhme ceanglais náisiúnta agus an AE maidir leis an gcóras iarnróid trom ach ní infheidhme ach ceanglais náisiúnta maidir le córas iarnróid éadroim LUAS.

Réamhriachtanas i gcomhair *APIS* is ea na ceanglais bhunriachtanacha a chomhlíonadh faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III *IOD*. Is é seo a leanas atá mar bhonn agus mar thaca le ceanglais an CRI: *I.S. EN 50126* – feidhmeanna iarnróid – sonrú agus léiriú na hiontaofachta, na hinfhaighteachta, na cothabháltachta agus na sábháilteachta. Bainistítear sin trí chóras an tsaolré ar a dtugtar an V-timthriall. Gabhann dhá thimthriall déag leis an V-timthriall– i) Coincheap, ii) Sainmhíniú Córais agus Coinníollacha a Fheidhmithe, iii) Anailís ar Rioscaí, iv) Riachtanais Sábháilteachta, v) Cionroinnt Riachtanais an Chórais, vi) Dearadh agus Cur i nGníomh, vii) Déantúsaíocht, viii) Suiteáil, ix) Bailíochtú an Chórais, x) Glacadh leis an gCóras, xi) Oibriú agus Cothabháil agus xii) Dí-choimisiúnú. Deartar treoir *RSC-G-009* agus *RSC-G-032* de chuid an CRI timpeall an V-timthrialla agus gabhann sé Chéim leo. Is iad seo a leanas iad:

**Céim 1** – Coincheap (*V-timthriall* i)

**Céim 2** – Dearadh Tosaigh (*V- timthriall* ii agus iii)

**Céim 3** – Dearadh Mionsonraithe (*V- timthriall* iv, v, vi agus vii)

**Céim 4** – Tástáil (*V- timthriall* viii agus ix)

**Céim 5** – Oibriú Eatramhach (*V- timthriall* x, xi agus xii)

**Céim 6** – Oibriú Seirbhíse (*V- timthriall* x, xi agus xii)

*Céim is ea Céim Oibriú Eatramhach a 5 nuair a bhíonn sábháilteacht córais cruthaithe chun oibriú ach nach bhfuil an fhianaise ar fad maidir leis na ceanglais shainráite agus an páipéarachas riaracháin gaolmhar ar fáil.*

## APIS - Bonneagar

### LUAS Traschathrach (LCC)

Oibríodh an LCC i rith 2019 faoi cheadú chéim 5, Litir Ghlacthachta (LoA) (oibriú eatramhach). Cuireadh seacht gcoinníoll leis an litir ghlacthachta ag tús oibríochtaí i mí na Nollag 2017. Cuireadh clabhsúr le sé chinn de na coinníollacha sin in 2018. Baineann an choinníoll atá fágtha le ballaí coinneála Iarnród Lár na Tíre agus Mhóriarnród an Iarthair ag Baile Phib. Rinneadh dul chun cinn i rith 2019 idir Bonneagar Iompair Éireann agus an CRI chun bearta buana a chomhaontú maidir le cothabháil agus monatóireacht leanúnach ar na ballaí sin mar gheall ar a stádas oidhreachta.

### Droichid/Ardáin/Stáisiúin/Crosairí Comhréidhe

In 2019 d'eisigh an CRI aon litir ghlacthachta déag chuig Bainisteoir Bonneagair-IÉ i ndáil le tionscadail nua droichead, ardán agus stáisiún tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a n-iarratas.

Áiríodh iad seo a leanas leis na tionscadail sin:

Litreacha glacthachta i gcomhair chéim 3 (dearadh mionsonraithe) mar seo a leanas:

- Tardhroichead nua do choisithe le hardaitheoirí ag Stáisiún Cheatharlach
- Tardhroichead nua do choisithe le hardaitheoirí ag Stáisiún Inse
- Tardhroichead nua do choisithe ar an Líne ó Chorcaigh go Mainistir na Corann mar chuid den Uasghrádú ar Acomhal Dhún Citil
- Stáisiún nua lena n-áirítear tardhroichead do choisithe le hardaitheoirí ag Baile Pheiléid ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Má Nuad.

Litreacha glacthachta i gcomhair chéim 6 (seirbhís) mar seo a leanas:

- Fodhroichead nua iarnróid ar Líne Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe ag 77 míle 1,370 slat.
- Ardán nua ag Gabhal Luimní lenar áiríodh tardhroichead do choisithe le hardaitheoirí.

Litreacha glacthachta i gcomhair chéim 6 (seirbhís) mar seo a leanas:

- Tardhroichead nua ar Líne Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe ag 114 míle 250 slat
- Dhá thardhroichead nua ar líne Bhaile Átha Cliath-Ros Láir mar chuid de sheachbhealach Inis Córthaidh
- Tardhroichead nua ar líne Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste mar chuid de Bhóthar Dháileacháin Dhomhnach Bat.

### Córas Tacaíochta maidir le Cinntí ag Crosairí Comhréidhe a Oibríonn Úsáideoirí –

Tá faoi Bhainisteoir Bonneagair-IÉ córas tacaíochta maidir le cinntí a thabhairt isteach ag crosairí comhréidhe a oibríonn úsáideoirí chun cabhrú leis an úsáideoir cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil sé sábháilte an t-iarnród a thrasnú nó nach bhfuil. Tá an córas comhdhéanta de shraith soilse táscaire a nasctar le brathadóirí traenach a chuirtear ar an rian chun traein, atá ag teannadh leis an gcrosaire comhréidh, a bhrath. Tabharfar rabhadh don úsáideoir. Chuaigh dearadh an chórais chun cinn i rith 2019 agus eisíodh litir ghlacthachta chéim 3 (dearadh mionsonraithe) i mí Iúil.

## APIS - Comharthaíocht agus Teileachumarsáid

### Córas Uilíoch don Chumarsáid So-Ghluaiste - Iarnród *(GSM-R)* Céim 1

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo *GSM-R* a chur in ionad an chórais raidió analógaigh, a úsáidtear chun cumarsáid dhíreach a sholáthar idir tiománaithe traenach agus lucht rialaithe na gcomharthaí/rialtóirí. Is éard atá i gceist le Céim 1 raidiónna cábáin, a bheidh oiriúnach do *GSM-R*, a chur isteach i bhflít an *DART*, agus bonnstáisiúin agus aeróga *GSM-R* 1 a thógáil ar feadh bhealach an *DART* agus oibreacha gaolmhara ag an Lárionad Rialaithe Tráchta ag Stáisiún Uí Chonghaile. Eisíodh litir ghlacthachta chéim 6 (seirbhís) i mí an Mhárta 2019.

### Córas Hibrideach Iarnród Éireann *(IEHS)* córas cosanta traenach

Tá córas cosanta traenach *IEHS* ina tháirge a rachaidh in ionad an Chórais Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnaigh agus na gcóras Uathoibríoch Cosanta Traenach a bhí ann cheana. Is éard atá i gceist leis an gcéad chéim den tionscadal dearadh na fréamhshamhla agus an trealamh gaolmhar do na rianta a shuiteáil ar thrí chineálacha traenacha. Céim níos déanaí a bheidh i gceist leis sin a chur i bhfeidhm ar feadh an líonra ar fad. Lean an CRI ar aghaidh leis an idirchaidreamh le BB-IÉ i rith 2019. Ghlac painéal saineolaithe ó BB-IÉ agus ón CRI páirt i rith 2019 in obair chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le riail náisiúnta a dhréachtú maidir le ceanglais do chórais chomharthaíochta aicme B sa Stát. Fágfaidh sin go mbeifear in ann dearadh an táirge a fhorbairt tuilleadh. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar an riail náisiúnta sa chéad leath de 2020.

## APIS – Rothstoc

### Iarnród Éireann

**An Clár um Leathnú an DART**

Tá GI-IÉ ag beartú síneadh a chur lena fhlít mar chuid den chlár chun an DART a leathnú, lena bhfuil sé d'aidhm breisiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse iarnróid tapa, ardmhinicíochta leictrithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Rinneadh iarratas i mí Iúil ar chéim 1 (coincheap) le haghaidh *APIS* chun síneadh a chur le flít an DART. Beidh dhá chineál éagsúla feithicle i gceist leis na traenacha nua:

i. Flít Aonad Iolrach Leictreach Cadhnraí démhódacha atá cumasach ar an soláthar cumhachta tarraingthe agus cúnta riachtanach a tharraingt ó threalamh na líne lastuas ar na codanna leictrithe de líonra an DART nó ó na cadhnraí in-athluchtaithe a chuirtear ar an bhfeithicil ar na codanna neamhleictrithe de líonra an DART leathnaithe atá beartaithe, agus

ii. Leagan éagsúil d'fhlít an Aonaid Iolraigh Leictrigh atá cumasach ar an soláthar cumhachta tarraingthe agus cúnta riachtanach a tharraingt ó threalamh na líne lastuas ar na codanna leictrithe de líonra an DART.

**Aonaid Bhreise Iolracha Díosail Idirchathrach d'Aicme 22000**

Freisin, mar chuid den chlár chun an DART a leathnú, tá GI-IÉ ag beartú 41 aonad nua breise den chineál seo a cheannach. Úsáidfear iad seo chun cumruithe na gceithre agus na gcúig charr atá ann don fhlít seo faoi láthair a mhéadú go cumruithe ina mbeidh cúig agus sé charr. Rinneadh iarratas tosaigh chéim 1 (coincheap) i mí na Nollag 2019. Táthar ag súil leis go n-eiseofar litir ghlacthachta sa chéad Ráithe de 2020.

**Feithicil Ilfheidhme (MPV)**

Fuair Feithicil Ilfheidhme an innill ar na rianta de chuid BB-IÉ, a údaraíodh chun oibriú i gcumrú plánach, craenach agus saindíte, litir ghlacthachta chéim 6 (seirbhís) i mí Aibreáin chun oibriú i gcumrú chun fiailí a spré, tar éis iarratais ón BB-IÉ.

**Innill Eile Ar na Rianta**

Le cois na Feithicle Ilfheidhme a glacadh, rinne BB-IÉ iarratas *APIS* chéim 1 (coincheap) le haghaidh ceithre chineál d'innill ar na rianta,

i) vaigíní céachta ballasta a úsáidfear chun an ballasta a scaoiltear ar an rian a threabhadh agus chun fionnuisce a sholáthar don chóras sochta deannaigh a chuirtear ar an inneall a scaoileann an ballasta,

ii) rialtóir ballasta lena eagraítear an ballasta sa riocht ceart ar an rian,

iii) carranna cigireachta a úsáidfidh innealtóirí cothabhála chun an rian a scrúdú, agus

iv) craein ar na rianta a úsáidfear le haghaidh suiteálacha rianta agus comhchodanna droichid.

Tar éis athbhreithnithe ar na hiarratais, d'eisigh an CRI (ceithre) litir ghlacthachta i gcomhair chéim 1 (coincheap) i mí Dheireadh Fómhair.

## LUAS

### Tramanna 502

Tram 54.7m is ea Tram 502 a bhfuil sé de chumas ann 380 paisinéar a iompar i gcomparáid le tram 402 atá 43.6m ar a fhad agus ar féidir leis 320 paisinéar a iompar. Tar éis do litir ghlacthachta chéim 5 (oibriú eatramhach) le haghaidh na 502anna a bheith eisithe in 2018, eisíodh litir ghlacthachta chéim 6 i mí Feabhra 2019 lenar ceadaíodh oibriú na seirbhíse. Tá seacht gcinn de na tramanna seo i mbun seirbhíse anois.

**Tramanna 402 sínithe**

During 2019 TII applied for authorisation to extend the existing 402 tram length by adding an additional tram module and a stage 6 (service) letter of acceptance was issued in August allowing service operation. These modified 402 trams are now the same length as the 502 trams with a carrying capacity of 380 passengers.

## IARNRÓID OIDHREACHTA

### Rothstoc Oidhreachta

Fuair Iarnród Oidhreachta Loch Dhuibhlinne litir ghlacthachta chéim 5 (oibriú eatramhach) le haghaidh gluaisteoir díosail i mí Mheáin Fómhair tar éis athbhreithniú ar a iarratas. Fuair Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo. ag Ráth Iomgháin Co. Chill Dara litir ghlacthachta chéim 6 (seirbhís) i gcomhair carráiste paisinéara i mí Lúnasa.

Is féidir tábla de na litreacha glacthachta ar fad a d'eisigh an CRI in 2019 a fheiceáil ag Aguisín 1.

## AONÁN I GCEANNAS AR CHOTHABHÁIL (ECM)

Sainordaítear ceanglais maidir le haonáin i gceannas ar chothabháil leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Caithfear aonán i gceannas ar chothabháil a shannadh do gach feithicil, sula gcuirfear i mbun seirbhíse í nó sula n-úsáidtear ar an líonra í agus i gcás vaigíní lastais, caithfidh an t aonán sin a bheith deimhnithe. Caithfidh vaigíní lastais a oibríonn san Eoraip a bheith á gcothabháil le *ECM* deimhnithe de réir Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh 445/2011. Sa chomhthéacs seo, soláthraíonn an CRI deimhniú agus faireachas bliantúil.

Níor ceanglaíodh ar an CRI tabhairt faoi aon ghníomhaíocht *ERM* i rith 2019.

## BEALAÍ CÁBLAÍ

Is é an CRI an tÚdarás Inniúil do Bhealaí Cáblaí. In 2019 bhí an CRI i mbun idirghníomhaíochta le Comhairle Contae Chorcaí agus lena chuid ionadaithe maidir le tograí le haghaidh bealaigh chábla nua chun dul in ionad an bhealaigh chábla reatha lena nasctar Oileán Baoi leis an mórtír. Bhí an idirghníomhaíocht sin i gcomhthéacs fheidhm an CRI a bhaineann le bealaí cáblaí a thógáil agus dul i mbun seirbhíse. Lena chois sin, bhreathnaigh an CRI ar dhianchigireacht ar bhail an bhealaigh chábla reatha i rith tréimhse a raibh sé dúnta lena linn i mí Mheáin Fómhair.



## MEASÚNACHT AR CHOMHFHOIRMEACHT

Déantar Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Tugtar mionsonraí ar chritéir shonracha le comhfhoirmeacht a mheasúnú i Rialachán ón AE 1158/2010 Deimhniú Sábháilteachta agus Rialachán ón AE 1169/2010 Údarú Sábháilteachta.

D'eisigh an CRI Deimhniú Sábháilteachta athnuaite do *Balfour Beatty Rail Ireland* i mí Feabhra i ndáil lena fheidhm maidir le hInneal ar na Rianta a oibriú agus a chothabháil i gcomhair BB-IÉ.

Eisíodh Deimhniú Sábháilteachta athnuaite freisin don *Railway Preservation Society of Ireland* i mí na Nollag tar éis measúnachta ar a CBS.

Tar éis don rath a bhí ar IÉ sa phróiseas tairisceana i ndáil lena innealra ar na rianta a oibriú agus a chothabháil, tháinig *Rhomberg Sersa Ireland* Teo. chun bheith ina iarratasóir nua agus fuair a chéad Deimhniú Sábháilteachta chun innill ar na rianta a oibriú ar an líonra i mí na Bealtaine 2019.

Bhí an CRI i mbun idirghníomhaíocht fhorleathan le *Translink* Iarnród Thuaisceart Éireann (ITÉ) d'fhonn Deimniúchán Sábháilteachta a eisiúint roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair i gcás go n imeodh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach trí Bhreatimeacht gan mhargadh. Rinneadh dul chun cinn substaintiúil sa mhéid gurbh fhéidir Deimhniú Sábháilteachta a eisiúint ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair dá mba rud é gur ghá do *Translink* ITÉ an t-iarratas foirmiúil a dhéanamh.

I mí Mheithimh, bronnadh conradh nua ar *Transdev* chun an LUAS a oibriú agus a bhainistiú i gcomhair na chéad sé bliana eile. Toisc go raibh gné na cothabhála den chonradh nua do *Transdev*, bhí sé riachtanach dóibh cur isteach ar Dheimhniú Sábháilteachta uasdátaithe chun glacadh leis an gconradh i mí na Nollag. D'eisigh an CRI deimhniú sábháilteachta uasdátaithe le coinníollacha do *Transdev Dublin Light Rail* Teo ag deireadh mhí na Samhna. Tá na ceanglais sna coinníollacha le cur i ngníomh ag *Transdev* roimh dheireadh mhí Eanáir 2020.

In 2013 chuir an CRI síneadh le prionsabail an chórais bhainistíochta sábháilteachta (CBS) go gcuimseofaí na hiarnróid oidhreachta féinchoinnithe d'fhonn maoirseacht ar shábháilteacht a fheabhsú do na hiarnróid sin. Tá athdheimhniú le déanamh i leith roinnt iarnród oidhreachta mar sin.

Fuair cúig iarnród oidhreachta Deimhnithe Sábháilteachta i rith 2019. Ba iad seo a leanas iad:


- Traein Aonráille Lartigue
- Cumann Treanach na Gaeltachta Láir
- Iarnród Loch Dhuibhlinne
- *Irish Steam Preservation Society*
- Iarnród an Chabháin & Liatroma

## TIOMÁNAITHE TRAENACH A CHEADÚNÚ

Is é an CRI an t-údarás inniúil chun críocha I.R. 399 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe Traenach a Dheimhniú) 2010. Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traein a oibriú ar an líonra. Eisítear ceadúnais faoi réir na tiománaithe a bheith ag comhlíonadh ceanglas a leagtar síos i reachtaíocht Eorpach, mar atá: aois íosta, oideachas bunúsach, scrúdú leighis, folláine ghairmshíceolaíoch, agus inniúlacht ghairmiúil ghinearálta.

Bunaithe ar iarratais a fuarthas, d'eisigh CRI 27 ceadúnas tiomána traenach in 2019.

Lena chois sin, mheasúnaigh an CRI iarratais ó *Translink* ITÉ a bhain le ceadúnú a dtiománaithe traenach chun traenacha *Enterprise* agus Aicme 3000 a fheidhmiú. Bhí an mheasúnacht sin críochnaithe agus bhí an cumas i bhfeidhm chun na ceadúnais riachtanacha do thiománaithe traenach a eisiúint i gcás go dtarlódh Breatimeacht gan mhargadh.






# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE – MAOIRSEACHT AR CHOMHLÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ

## MAOIRSEACHT & FORFHEIDHMIÚ

Príomhghníomhaíocht de chuid an CRI is ea maoirseacht a dhéanamh ar Eagraíochtaí Iarnróid a fheidhmíonn sa stat. Caithfidh Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) deimhnithe a bheith ag gach Eagraíocht Iarnróid a oibríonn traenacha, agus caithfidh Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) deimhnithe a bheith ag bainisteoirí bonneagair phaisinéirí agus lastais lena dtugtar eolas faoi na bealaí a bhainistíonn siad na rioscaí don tsábháilteacht a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí go héifeachtach. Déanann an CRI maoirseacht ar fheidhmiú agus éifeachtacht leanúnach na CBSanna seo. Baintear sin amach trí idirghníomhaíocht leis na heagraíochtaí iarnróid, ag iniúchadh a bpróiseas is a nósanna imeachta, ag déanamh cigireachta ar a sócmhainní agus ag bualadh le baill foirne.

Déanann an CRI athbhreithniú ó thaobh na sábháilteachta ar fheidhmíocht gach eagraíochta iarnróid a oibríonn sa stát. Áirítear athbhreithniú leis sin ar chineál agus ar líon na dtionóiscí, ar na h-eachtraí a bhain dóibh, torthaí iniúchóireachta agus cigireachta, gearáin agus uiríll ag, nó thar ceann na foirne agus paisinéirí. Agus na sonraí sin á n-úsáid, in éineacht le breithniúnas gairmiúil, forbraítear pleananna nua maoirseachta, ceann do gach eagraíocht iarnróid, don bhliain atá le teacht.

Bíonn na pleananna maoirseachta seo bunaithe ar rioscaí, rud a chiallaíonn, i gcás na n-eagraíochtaí iarnróid sin is mó atá nochtaithe do rioscaí, de bhua méid is chineál na hoibríochta, is ea is mó maoirseachta is féidir leo a bheith ag súil go ndéanfar orthu ná iad siúd nach bhfuil chomh nochtaithe do rioscaí. Bíonn go leor gníomhaíochtaí i gceist leis na pleananna maoirseachta a fhorbraímid, lena n-áirítear;

- Cruinniú tréimhsiúil le bainisteoirí sinsearacha cuideachtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.
- Iniúchóireacht ar CBS agus ar chaighdeán agus nósanna imeachta gaolmhara na n eagraíochtaí iarnróid;
- Cigireacht shamplach ar shócmhainní na n-eagraíochtaí iarnróid lena chinntiú go n-oireann siad dá bhfeidhm.

Tarlaíonn idirghníomhaíocht bhreise tar éis tionóiscí, eachtraí, tarlúintí contúirteacha, nó uirill ón bpobal nó ó thríú páirtí eile.

Cuirtear forléargas ar ghníomhaíocht mhaoirseachta an CRI i gcomhair 2019 i láthair sa mhéid seo a leanas.

## INIÚCHÓIREACHT AR CHOMHLÍONADH (MAOIRSEACHT RÉAMHGHNÍOMHACH)

Thionscain an CRI na hiniúchóireachtaí i rith 2019 a liostaítear sa tábla seo a leanas:

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Rinneadh |
|---|---|---|
| BB-IÉ | Iniúchóireacht  ar CBS Oibreacha Nua | Bealtaine 2019 |
| *Transdev* | Bainistíocht Rioscaí – Cláir Rioscaí | Meitheamh 2019 |
| *RPSI* | Iniúchóireacht Inmheánach | Meán Fómhair 2019 |

*Tábla 2: Iniúchóireachtaí a rinne an CRI in 2019*

Tugadh dhá cheann de na hiniúchóireachtaí a tionscnaíodh in 2019 chun críche in 2019 freisin. Lena chois sin, thug an CRI trí iniúchóireacht, a tionscnaíodh sa chuid deiridh de 2018, chun críche. Táirgeadh torthaí le gach ceann de na hiniúchóireachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar nithe a tháinig as fíricí a tháinig chun cinn i rith na n iniúchóireachtaí. Cuireann cigirí an CRI na torthaí seo i gcatagóirí ag brath ar an riosca a bhaineann leo.

Úsáideann Cigirí an CRI an córas aicmithe seo a leanas le haghaidh na dtorthaí seo.

**Neamh-chomhlíonadh - Cás Tromchúiseach *(MaNC)*:** réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise gur cliseadh ar an gcóras.

**Neamh-chomhlíonadh - Cás Mionchúiseach *(miNC)*:** réimse nár comhlíonadh caighdeáin inmheánacha de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise go ndeachaigh an próiseas le córas a chur i ngníomh i léig anois is arís nó gur chlaon an próiseas ó chóras.

**Gníomh Riachtanach *(AR)*:** réimse mar a bhféadfadh sé tarlú nach gcomhlíonfaí caighdeán srl. ina leith ach amháin sa chás go ndéanfar gníomh leasúcháin nó feabhsú, earáid aonraithe ar éigean a cheartú, nó saincheist eile mar, dar leis an iniúchóir, a bhfuil gníomh riachtanach ina leith.

**Scóip le haghaidh feabhsaithe *(SFI)*:** réimse a cuireadh chun solais mar, dar leis an Iniúchóir, gur féidir leis an gcuideachta feabhsú ar an gcóras nó ó thaobh gnó a bhaint amach. Moladh a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth, ar chóir don eagraíocht iniúchta cinneadh a dhéanamh i leith fhiúntas an mholta agus an bealach lena chur i ngníomh.

**Dea-Chleachtas *(GP)*:** réimse a chuirtear chun solais i gcás, dar leis an Iniúchóir, atá ina dhea-chleachtas laistigh den tionscal.

**Conair Iniúchóireachta *(AT)*:** réimse ar chóir tuilleadh aire a thabhairt air, dar leis an iniúchóir, trína chur isteach sa chlár le haghaidh iniúchóireachtaí amach anseo (ach ní gá gur mír d'iniúchóireacht seachtrach a bheadh ann) nó trí mhodh éigin eile.

Tugtar tuilleadh mionsonraí ar thorthaí iniúchóireachta sna táblaí thíos.

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach | Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach | Gníomh Riachtanach |
|---|---|---|---|---|
| Iarnród Éireann - GI | Iniúchóireacht ar Iosta Cothabhála Rothstoc Luimnigh | 0 | 1 | 0 |
| *Transdev* | Imscrúdú Tionóisce & Iniúchóireacht / Monatóireacht Inmheánach | 0 | 0 | 11 |
| *Translink* ITÉ | Bainistíocht Inniúlachta | 0 | 0 | 0 |
| *Transdev* | Bainistíocht Athruithe, Socrú Spriocanna agus Nósanna Imeachta chun caighdeáin a chomhlíonadh | 1 | 3 | 12 |

*Tábla 3: Iniúchóireachtaí tionscanta in 2018 agus tugtha chun críche ag an CRI in 2019*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach | Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach | Gníomh Riachtanach |
|---|---|---|---|---|
| *Transdev* | Bainistíocht Rioscaí – Cláir Rioscaí | 1 | 0 | 4 |
| *RPSI* | Iniúchóireacht Inmheánach | 0 | 2 | 4 |

*Tábla 4: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche in 2019*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Iniúchóireacht Tionscanta |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann - BB | Iniúchóireacht ar CBS Rannóg na nOibreacha Nua | Bealtaine 2019 |

*Tábla 5: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh ach nár tugadh chun críche in 2019*

Sa bhliain 2019, sonraíodh dhá chás mhórchúiseacha nár comhlíonadh rialacháin ina leith. Is i gcoinne *Transdev* a sonraíodh an dá cheann agus bhí an chéad cheann i ndáil le heaspa iniúchóireachta inmheánaí ar an CBS agus bhain an dara ceann lena mbainistíocht rioscaí. Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndeachaigh *Transdev* trí phróiseas athdheimhniúcháin leis an CRI sa Cheathrú Ráithe de 2019. Áireofar le clár maoirseachta 2020 seiceálacha ar mar a chuir *Transdev* a CBS nua i ngníomh agus an CRI ag súil leis go mbeidh na cásanna roimhe nár comhlíonadh rialacháin ina leith, curtha ina gceart.

Trasna na n-eagraíochtaí iarnróid, iniúchadh líon beag de chásanna mionchúiseanna nár comhlíonadh rialacháin ina leith agus/nó sonraíodh CBS ceadaithe agus i ngach cás, mheas an Príomhchigire (iniúchóir) an raibh sábháilteacht daoine i mbao. I gcásanna inar measadh gurbh amhlaidh go raibh, iarradh ar na heagraíochtaí iarnróid a bhí i gceist Plean Feabhsúcháin

a chur isteach, de réir cheanglais Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid..

I bhformhór mór na cásanna, tá na gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha chomhaontaithe as na hiniúchóireachtaí seo curtha i ngníomh cheana féin ag na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist, nó tá siad i mbun an phróisis sin.

Bíonn Cigirí an CRI ag tuairisciú ar réimsí dea-chleachtais a aithnítear laistigh den tionscal freisin. Luaigh an CRI 11 mhír dea-chleachtais dá leithéid in 2019 trasna roinnt eagraíochtaí iarnróid lena n áirítear:

- Feabhsú ar threochtaí *Transdev* agus ar anailís ar tharlúintí *SPAD*.
- Modh *Transdev* maidir le faisnéis sábháilteachta a roinnt i measc a fhoirne ar ardán nuachruthaithe TF inmheánach.
- Bainistíocht inniúlachtaí sábháilteachta ag GI-IÉ in Iosta Luimnigh
- Cur chuige réamhghníomhach an *RPSI* chun coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí an tionscail agus foghlaim ó thionóiscí agus ó eachtraí.
- Luadh go raibh caighdeáin CBS *Translink* ITÉ iontach soiléir le míniú gonta ar an gcuspóir agus ar an modheolaíocht agus ar an gcúis le gach caighdeán.

## CIGIREACHT IAR- EACHTRA (MAOIRSEACHT FHRITH-GHNÍOMHACH AR THIONÓISCÍ NÓ EACHTRAÍ)

Feidhmíonn an CRI uainchlár lena bhfágtar go mbíonn Cigire ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt do thionóiscí, eachtraí agus tarlúintí contúirteacha. In 2019, fuair an CRI 59 fógra san iomlán agus d'fhreagair do roinnt díobh sin láithreach nó le linn na laethanta i ndiaidh an eachtra chun an an láithreán/an rothstoc a bhí i gceist a scrúdú. Is le líonra IÉ a bhain 24 fhógra san iomlán, agus tharla 32 ar líonra LUAS, 2 cheann a bhain le saincheisteanna rothstoic ar le *Translink* ITÉ é agus 1 cheann a bhain le hInnill Ar Na Rianta de chuid *Rhomberg Sersa Ireland* Teoranta.

Is brónach an scéal go raibh seacht dtarlúint mharfacha san iomlán ar na líonra náisiúnta iarnróid throim agus éadroim i rith 2019. Ar líonra Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann tugann cúinsí a bhain le dhá cheann de na cásanna marfacha sin le fios gur cosúil gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas. I gcás trí tharlúint mharfacha eile, gortaíodh treaspasóir amháin go marfach nuair a bhuail traein é agus an duine ag iarraidh dul trasna na rianta, bhuail traein treaspasóir eile agus an duine ag dul trasna na rianta i stáisiún traenach agus fuair an duine bás in ospideál ina dhiaidh sin agus sa tríú cás, fuarthas corp fir in aice leis an líne iarnróid mar ar thit an fear achar fada anuas. Tharla dhá chás mharfacha ar líonra LUAS. Bhuail tram duine sa dá chás agus bhain gortuithe marfacha dóibh.

Bhí roinnt tionóiscí agus eachtraí breise ann a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo freisin agus cúinsí beagán difriúil, lenar áiríodh:

- Bhuail traein duine ag/gar do Stáisiun Chlóirthigh, Co. Uíbh Fhailí, Márta 2019
- Bhuail traein duine ag/gar do Stáisiun Dhroichead Nua, Co. Chill Dara, Aibreán 2019
- Bhuail traein duine ar Chuadrothar in aice le Bhaile Átha Í, Co. Chill Dara, Meitheamh 2019

Seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur cosúil gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar eachtraí a fógraíodh don CRI. Is é cuspóir imscrúduithe an CRI seiceáil gur chomhlíon an eagraíocht iarnróid a chóras bainistíochta sábháilteachta, seachas a bheith ag féachaint le cúis na tionóisce/na heachtra a shonrú, rud atá ina ról don Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha leis na rioscaí a mhaolú.

## CIGIREACHT

Tugann Cigirí an CRI faoi chigireacht de chineálacha éagsúla ar na heagraíochtaí éagsúla iarnróid. Áirítear leis sin cigireacht ar shócmhainní de réir critéar chun seiceáil an oireann na sócmhainní dá bhfeidhm, agus ag breathnú ar bhaill foirne iarnróid is iad i mbun dualgas. In 2019, thug an CRI faoi 89 Cigireacht san iomlán lenar díríodh ar:

- Sócmhainní iarnróid lena n-áirítear rothstoc, stáisiúin, crosairí comhréidhe agus struchtúir eile, m.sh., droichid;
- Bainistíocht rioscaí a bhaineann le hiompar frithshóisialta

- Bainistíocht rioscaí lena n-áirítear bainistíocht athruithe.
- Oibríochtaí traenach/tram agus bainistíocht imeachtaí.

Rinne an CRI cigireacht ar gach iarnród oidhreachta féinchoinnithe a bhí i mbun oibre i rith 2019 freisin, ag bualadh le stiúrthóirí/bainisteoirí cuideachtaí agus ag plé na hoibre lena gcuid córas bainistíochta sábháilteachta a chur i ngníomh.

Tá torthaí uile na cigireachta seo ar fad á dtabhairt chun cinn ag an eagraíocht iarnróid atá i gceist, agus tá an CRI ag déanamh monatóireachta ar leigheasachán na saincheisteanna ar fad a bhaineann go criticiúil leis an tsábháilteacht.

## FORFHEIDHMIÚ

Tugann Alt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 cumhachtaí forfheidhmiúcháin don CRI. Tá cumhacht le Plean Feabhsúcháin a iarraidh ina gcuid de na cumhachtaí sin, le haghaidh sáruithe níos mionchúísí de ghnáth, chomh maith le cumhacht le Fógra Feabhsúcháin nó Fógra Toirmisc a sheirbheáil le haghaidh cásanna sáraithe níos tromchúisí. Tá an cumhacht ag an CRI Údarú Sábháilteachta nó Deimhniú Sábháilteachta a chúlghairm freisin i gcásanna fíor-thromchúiseacha nó iarratas a dhéanamh chun na hard-chúirte le hordú a lorg chun oibriúcháin a shrianadh nó a thoirmeasc.

Prionsabal treorach de chuid fheidhm Mhaoirseachta an CRI, agus prionsabal a bhaineann go sonrach lena úsáid forfheidhmiúcháin, is ea prionsabal na comhréire. Cibé cás inar féidir, oibríonn an CRI le heagraíochtaí iarnróid agus an CRI ag freagairt d'aon teip, nó do chás ar cosúil gur teip atá ann, ag eagraíocht iarnróid agus féachann an CRI go mbeifear ag comhlíonadh rialachán go deonach seachas gníomhartha forfheidhmiúcháin a thionscnamh láithreach. Dá aineoinn sin, i gcás go measfar gur riachtanach é, téann an CRI i mbun gníomhartha i gcoinne na heagraíochta ábhartha iarnróid lena chinntiú go dtagann deireadh le gníomhaíochtaí nó oibríochtaí contúirteacha nó go ndaingneofar comhlíonadh na rialachán. Thionscain an CRI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas in 2019:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin

1 Phlean Feabhsúcháin iarrtha tar éis iniúchóireachta:

- Ar Bhainistíocht Rioscaí ag *Transdev*

4 Phlean Feabhsúcháin iarrtha tar éis Cigireachta:

- Ar rogha de chrosairí comhréidhe de chineál CX ag Iarnród Éireann
- Ar Iarnród Loch Dhuibhlinne (2)
- Ar Iarnród Oidhreachta Bhaile na Finne & na nGleannta

Iarradh 1 Phlean Feabhsúcháin tar éis tarlúint infhógartha:

- Gluaiseacht traenach neamhrialaithe in Iosta de chuid Iarnród Éireann

Lena chois sin, sonraíodh go leor cásanna i gcáipéisí nár comhlíonadh rialachain ina leith, i rith chigireacht de chuid an CRI, a d'fhág go raibh ag an eagraíocht ábhartha iarnróid pleananna gníomhaíochta a sholáthar dúinn.

Alt 77 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Fógra Feabhsúcháin.

Seirbheáladh 1 síneadh ar Fhógra Feabhsúcháin reatha:

- Tar éis do shíneadh ama a bheith deonaithe don Fhógra Feabhsúcháin a seirbheáladh ar Iarnród Éireann, in 2016, maidir lena mbeartas Drugaí agus Alcóil.

Alt 78 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 - Fógra Toirmisc

- Níor seirbheáladh aon Fhógraí Toirmisc in 2019

## TORTHAÍ INIÚCHÓIREACHTA, CIGIREACHTA AGUS CIGIREACHTA IAR-EACHTRA A CHUR I NGNÍOMH

Déanann an CRI monatóireacht ar mar a chuirtear gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha i ngníomh i leith torthaí áirithe. Feidhmítear córas rabhaidh trí leibhéil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na heagraíochta iarnróid i leith an próiseas a dhúnadh.

Soláthraítear miondealú mionsonraithe le haghaidh torthaí iniúchóireachta, torthaí cigireachta agus Cigireachta iar-eachtra le haghaidh gach ceann de na príomheagraíochtaí iarnróid ó 2014 in Aguisín 3.

## MOLTAÍ Ó THAOBH NA SÁBHÁILTEACHTA AN AITI

Bíonn an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) ag plé le himscrúduithe ar thionóiscí agus ar eachtraí ar na hiarnróid throma agus éadroma in Éirinn agus le moltaí sábháilteachta a dhéanamh go seachnófar tionóiscí/eachtraí cosúil leo amach anseo.

Maidir le Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta a dhéanann an tAonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid, cé go ndírítear iad ar na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist de ghnáth, is don CRI a thugtar iad mar an t-údarás a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mar a chuirtear na moltaí i ngníomh. Tá mionsonraí faoi stádas moltaí reatha ó thaobh na sábháilteachta arna n-eisiúint ag an AITI le fáil in Aguisín 3.

## EAGRAÍOCHTAÍ EILE IARNRÓID

Le cois Iarnród Éireann agus *Transdev*, déanann an CRI maoirseacht ar na heagraíochtaí iarnróid seo a leanas freisin.

### Balfour Beatty Rail Ireland

D'oibrigh agus chothabháil *Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI)* flít na n-Inneall Ar Rianta thar ceann Iarnród Éireann – Bonneagar chomh fada le mí Iúil 2019 nuair a ghlac *Rhomberg Sersa Ireland (RSI)* seilbh ar an gconradh.

Bhí lámh ag *BBRI* in aon tarlúint *SPAD* amháin in 2019 inar imigh ceann dá chuid inneall as sealbhú innealtóireachta agus é ar a shlí ar ais chuig a iosta stórála. Imeacht nár bhain ach leibhéal íseal riosca leis agus níor tharla aon ghortuithe dá bharr. Seachas an méid thuasluaite, measadh go raibh feidhmíocht *BBRI* ó thaobh na sábháilteachta dearfach.

### Rhomberg Sersa Ireland

Oibríonn agus cothabhálann *Rhomberg Sersa Ireland (RSI)* flít na n-Inneall Ar Raonta thar ceann Iarnród Éireann - Bonneagar. Is é cothabháil raonta a bpríomhghníomhaíocht, ag úsáid feithiclí iarnróid saindeartha. Ní iompraíonn siad paisinéirí agus déantar formhór a gcuid oibre istoíche.

Iontrálaí réasúnta nua is ea *RSI* i margadh na hÉireann agus chuaigh an chuideachta i mbun oibríochtaí i mí Iúil 2019. Bhuail an CRI le Bainistíocht na Cuideachta sa Cheathrú Ráithe de 2019 dá chéad chruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.

### Bord Na Móna

Is le Bord na Móna (BNM) iarnród tionscail nach beag a úsáidtear chun móin a iompar. Déanann an CRI maoirseacht ar BNM i gcás go dteagmhaíonn a gcomhéadain iarnróid le bóithre poiblí, .i., ag crosairí comhréidhe agus droichid thar/faoin iarnród. Ní raibh BNM faoi réir aon ghníomhaíochta maoirseachta ag CRI in 2019 seachas i gcruinniú bliantúil le feidhmeannaigh na cuideachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.

Tugadh fógra faoi 1 tarlúint amháin don CRI in 2019 a chuaigh i bhfeidhm ar líonra BNM. Bhain sin le feithicil bhóthair a réab trí shraith de gheataí ar chrosaire comhréidh dúnta (Miolcarnach, 05-36). Ar an dea-uair, ní raibh aon traein ag trasnú an tráth sin agus níor gortaíodh aon duine.

### Iarnróid Oidhreachta

Déanann an CRI monatóireacht ar oibríochtaí líon beag d'iarnróid oidhreachta féinchoinnithe agus in 2019 bhí na hiarnróid oidhreachta seo a leanas faoi réir maoirseachta.

- Iarnród Oidhreachta Loch Dhuibhlinne, Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta, Co. Dhún na nGall
- Traein Aonráille Lartigue Lios Tuathail, Co. Chiarraí
- Iarnród Ghleann Phort Láirge agus na Siúire *(W&SVR)*
- *Irish Steam Preservation Society*, Sráidbhaile, Co. Laoise

Rinne an CRI cigireacht orthu ar fad agus tá measúnacht ardleibhéil á déanamh ar a gcuid bonneagair agus sócmhainní rothstoic. Breathnaíodh ar oibriú a seirbhísí freisin, agus tugadh aon saincheisteanna a aithníodh le fios do bhainisteoirí iarnróid.

Lena chois sin, tugadh cuairt ar Iarnród an Chabháin & Liatroma sular lorg siad ceadú le hatosú ar oibríochtaí. Is féidir liosta d'iarnróid oidhreachta in Éirinn a fheiceáil ag Aguisín 5.

## The Railway Preservation Society of Ireland

Cé gurb oibreoir iarnróid oidhreachta freisin é an *Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)* ní hionann iad agus na hiarnróid oidhreachta thuasluaite sa mhéid go n-oibríonn siad seirbhísí ar líonra iarnróid Iarnród Éireann freisin. Baineann rioscaí difriúla breise leis sin a chaithfear a bhainistiú go cúramach. Toisc go n-oibríonn siad ar líonra na príomhlíne iarnróid agus go bhfuil siad aicmithe mar Eagraíocht Iarnróid faoi Threoir an AE maidir le Sábháilteacht Iarnróid, bíonn siad faoi réir réimis maoirseachta difriúil atá ar aon dul leis na rioscaí a thugann siad isteach ar líonra Iarnród Éireann.

Thug an CRI faoi aon iniúchóireacht amháin agus aon chigireacht amháin ar an *RPSI* in 2019. Díríodh leis an iniúchóireacht ar sheiceáil ar thiomantas an *RPSI* don fheabhsú leanúnach (Eilimint I), ar spriocanna sábháilteachta corparáideacha a shocrú agus a thomhas (Eilimint K) agus ar a n iniúchóireacht inmheánach (Eilimint S). Bhí toradh na hiniúchóireachta dearfach a bheag nó a mhór agus níor sonraíodh aon chásanna nár comhlíonadh rialacháin ina leith agus níor sonraíodh ach líon beag gníomhartha. Díríodh leis an gcigireacht ar bhainistíocht athruithe ag *RPSI*, go sonrach i ndáil le leasú ó bhonn a dhéanamh ar inneall traenach gail.

## FOLÁIRIMH ÓN TIONSCAL

Faigheann an CRI foláirimh shábháilteachta tionscail ón nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid *(ERA)* agus ón AITI. In 2019 fuarthas aon fholáireamh sábháilteachta amháin ón *ERA* a bhain le torthaí on imscrúdú a rinne Comhlacht Imscrúdúcháin na Danmhairge tar éis na tionóisce *Great Belt* a tharla sa Danmhairg an 2ú Eanáir 2019 inar bhásaigh ochtar.


I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'eisigh an AITI Fógra Comhairleach Sábháilteachta don CRI a bhain le 'Oiriúnacht na Stad Maoláin Seasta'.

Sa dá chás, tugadh faisnéis agus/nó eisíodh moltaí sábháilteachta do gach eagraíocht iarnróid ábhartha a oibríonn sa stát le hathbhreithniú a dhéanamh orthu agus gníomhú de réir mar a bhí riachtanach.

## UIRÍLL

In 2019, fuair an CRI 51 uiríoll a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na n iarnród trom agus éadrom de. Bhí buairimh maidir le cúrsaí sábháilteachta i gceist leo seo a bhain leis an mbail a bhí ar an mbonneagar iarnróid chomh maith le buairimh eile cosúil le plódú ar thraenacha. Bhí an líon sin níos airde ná an méid a fuarthas in 2018 agus níos cosúla le blianta roimhe, (Féach an graf thíos le haghaidh mionsonraí ar threochtaí na n-uiríoll). As measc na 51 uiríoll a fuarthas in 2019, bhain 40 uiríoll le bonneagar nó oibríochtaí Iarnród Éireann, bhain 3 chinn le córas LUAS, bhain 4 chinn le hearnáil an iarnróid oidhreachta agus bhain an fuílleach le cúrsaí ginearálta ó thaobh reachtaíochta nó an líonra go príomha.

LÍON NA N-UIRÍOLL ÓN BPOBAL/Ó FHOIREANN IARNRÓID DE RÉIR BLIANA




*Graf 1: Uiríll a fuair an CRI*

Tugann an CRI an-aird ar fad ar aon uiríoll a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid ó fhoireann iarnóid, ó phaisinéirí iarnróid, ón bpobal nó ó dhaoine eile. Cintíonn an CRI go dtugtar aghaidh ar uiríll.

## FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH NA SÁBHÁILTEACHTA

In 2019, reáchtáladh 4 chruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta le Bainisteoir Bonneagair-Iarnród Éireann agus le hEagraíocht Iarnróid-Iarnród Éireann. Reáchtáladh trí chruinniú le *Transdev*, dhá cheann le *Balfour Beatty Rail Ireland* agus ceann amháin le *Rhomberg Sersa Ireland*. Reáchtáladh aon chruinniú le *Translink* ITÉ, leis an *Railway Preservation Society of Ireland* agus le Bord na Móna araon. Thionscain an CRI cruinniú de chineál cosúil leis sin le Bonneagar Iompair Éireann *(TII)* toisc gur leosan agus gurb iadsan a dhéanann maoirseacht ar sheachadadh oibriú an LUAS ag *Transdev*.

Ag na cruinnithe sin, déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht na heagraíochta iarnróid ó thaobh na sábháilteachta 'bliain go n-uige seo' agus pléitear sin. Ceanglaítear ar fheidhmeannaigh chuideachtaí an bealach atá sábháilteacht agus rioscaí á mbainistiú go héifeachtach acu a léiriú go soiléir go háirithe má bhíonn treochtaí i gceist maidir le cúrsaí a bheith ag dul in olcas. Le saincheisteanna buana eile a pléadh, áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar stádas imscrúduithe inmheánacha freisin in éineacht le pleananna agus gníomhartha a dhéantar chun atarluithe a chosc, bainistíocht athruithe agus uasdátuithe dlíthiúla. Mar a tugadh le fios, cabhraíonn eolas ón bpróiseas athbhreithnithe seo le gnéithe breise agus gnéithe de phleananna maoirseachta an CRI amach anseo a threorú.

Foilsíonn an CRI tuarascáil ar leithligh ar bhonn bliantúil lena dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht na n-iarnród ó thaobh na sábháilteachta in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo i gcomhair 2019, mar ab amhlaidh le tuarascálacha roimhe, níos déanaí sa bhliain chun éascú le fáil na sonraí bailíochtaithe iomlána bliana ó na heagraíochtaí iarnróid ar fad.

Cuirtear roinnt de na sonraí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid, a bhí ar fáil tráth fhoilsithe na tuarascála bliantúla seo, i láthair in Aguisín 4.

## MEASÚNACHT AR CHULTÚR SÁBHÁILTEACHTA

In 2019, ghlac an CRI páirt sna triallacha ar an Múnla Chultúr Sábháilteachta Iarnróid Eorpach thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid *(ERA)*. Mar fhorbraitheoir an mhúnla, lorg an Ghníomhaireacht líon beag Údarás Náisiúnta Sábháilteachta (ÚNS) chun triall a bhaint as an múnla. Dheonaigh an CRI amhlaidh a dhéanamh mar aon le ÚNS na Fionlainne chun cabhrú leis seo. Rinneadh cigirí an CRI measúnú foirmiúil mar chuid de seo ar Iarnród Éireann i rith gach idirghníomhaíocht mhaoirseachta ó thaobh a chultúir shábháilteachta.

Tá an múnla comhdhéanta d'eilimintí bunúsacha is de chumasóirí an chultúir shábháilteachta agus mar chuid de, meastar fachtóirí amhail caidreamh le hoibrithe, cumarsáid inmheánach, timpeallacht foghlamtha leanúnaí a chothú srl. Tuairisceofar na dearcaí ar fheidhmiú agus ar thairbhe an mhúnla air ais don Ghníomhaireacht mar chuid dá hobair lena thabhairt chun feabhais sula scaoilfear go foirmiúil é mar uirlis le húsáid ag ÚNSanna.





# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE – COMHCHUIBHIÚ EORPACH AGUS REACHTAÍOCHTA

## IDIR-INOIBRITHEACHT AGUS SÁBHÁILTEACHT IARNRÓID I LIMISTÉAR IARNRÓID AONAIR AN AE

Tréimhse tuilleadh gníomhaíochta ab ea 2019 ó thaobh próiseas forbartha dhlíthe an AE lena rialaítear na hiarnróid, go háirithe na hionstraimí lena dtacaítear leis an gceathrú pacáiste iarnróid de dhlíthe iarnróid an AE: féachtar leis an bpacáiste seo inréimniú a bhaint amach ó thaobh na rialála in éineacht leis an margadh do tháirgí agus seirbhísí iarnróid a oscailt tuilleadh.

Cuirtear colúin theicniúla agus mhargaidh an cheathrú pacáiste i láthair i dtrí threoir iarnróid athmhúnlaithe a foilsíodh in 2016 a bhaineann le sábháilteacht iarnróid, idir-inoibritheacht iarnróid agus an limistéar iarnróid aonair. Athmhúnlaíodh an rialachán le haghaidh Ghníomhaireacht Iarnróid an AE *(ERA)* freisin, á fhágáil gurbh é an t-údarás lárnach é chun eagraíochtaí iarnróid a dheimhniú agus feithiclí iarnróid a údarú, i gcás go n-oibríonn siad go hidirnáisiúnta, (éifeachtach ó lár 2019) agus lenar comhdhlúthaíodh a ról mar údarás an chórais don Chóras Bainistíochta Tráchta Iarnróid Eorpach *(ERTMS)*.

Cuireadh tús leis an gcóras athbhreithnithe faoi na treoracha athmhúnlaithe maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid ar dháta feidhmithe an 16ú Meitheamh 2019, fiú in ainneoin bhfuil go leor Ballstát, Éire san áireamh, tar éis feidhm a bhaint as an rogha cur i ngníomh a chur ar athló ar feadh bliana amháin. Tacófar leis an gcóras athbhreithnithe le hionstraimí teicniúla athchóirithe a éascaíonn leis na treoracha sin a chur i ngníomh láithreach, lena n-áirítear comh-mhodhanna sábháilteachta, agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta.

Le cinntiú go dtéitear i gcomhairle go leor le príomhpháirtithe leasmhara an tionscail, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis náisiúnta sábháilteachta *(NSAs)* lena n-áirítear an CRI, cuireadh grúpa nua saineolaithe ar bun a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó Bhallstáit agus ón tionscal chun feidhmiú go comhthreomhar leis an gCoiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteachta Iarnróid *(RISC)*, chun comhairle a thabhairt faoi na hionstraimí teicniúla athchóirithe. Déanann an grúpa saineolaithe scrúdú agus leasú ar na dréachtaí a mhol Coimisiún an AE i dtaca leis an gcolún teicniúil den cheathrú pacáiste iarnróid sular cuireadh iad i láthair Choiste *RISC* iad le glacadh leo.

Idirghníomhaíonn an CRI leis na páirtithe leasmhara náisiúnta freisin agus a gcuid aighneachtaí á ndréachtú maidir le ceisteanna praiticiúla, go háirithe maidir le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (*TSI*anna). Beidh feidhm dhíreach leis na hionstraimí dlíthiúla sa Bhallstát nuair a bheidh na treoracha nua trasuite sa dlí náisiúnta.

In 2019, rinne an CRI ionadaíocht thar ceann an Stáit ag dhá chruinniú de ghrúpa na saineolaithe, agus ag na trí chruinniú de Choiste *RISC*.

Rannchuidigh an CRI go gníomhach, go díreach agus i scríbhinn, sna comhráite mionsonraithe ag grúpa na saineolaithe agus *RISC* agus cruthaíodh achtanna feidhmiúcháin dá thoradh sin lenar tugadh aghaidh ar –

- Oibríochtaí TSI agus bainistíocht tráchta *(OPE)*;
- Aonán i gceannas ar chothabháil *(ECM)*;
- caighdeánú an chórais chumarsáide soghluaiste iarnróid amach anseo *(FRMCS)*;
- rialú athruithe a bhainistiú *(CCM)* i gcomhair TSIanna;
- leibhéil sábháilteachta agus feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta a mheasúnú *(ASLP)*;
- rialacha náisiúnta a aicmiú;
- eathnú ar réimse úsáide feithiclí údaraithe, agus
- struchtúr tuairisceoireachta na dtuairiscí cigireachta.

## CÚNAMH EILE DON ROINN IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT

Thug an CRI tuairimí don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le dréacht-trasuíomh na treorach athbhreithnithe faoin Limistéar Iarnróid Aonair Eorpach i ndlíthe náisiúnta.

Chuir an CRI tús lena chuid ullmhúchán freisin chun cabhrú leis an Roinn na Treoracha athmhúnlaithe maidir le sábháilteacht iarnróid agus idir-inoibritheacht iarnróid a thrasuíomh, d'fhonn go gcomhlíonfar spriocdháta an 16ú Meitheamh 2020.

## IOMPAR EARRAÍ CONTÚIRTEACHA

Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag soláthar seirbhíse scrúdúcháin agus deimhniúcháin do chomhairleoirí um earraí contúirteacha *(DGSA)*. Tá an tseirbhís amuigh ar conradh don Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair *(CILT)*, ar comhlacht sa Stát é atá inniúil chun scéim scrúduithe faofa a sholáthar agus chun deimhnithe gairmoiliúna nó deimhnithe bailíochta sínte a eisiúint. Tá an conradh reatha do sholáthar na seirbhíse seo le hathnuachan in 2020. Ceapann an Institiúid an siollabas, agus socraíonn, ritheann agus marcálann scrúduithe bliantúla do *DGSA*anna ar aon dul leis na coinbhinsiúin aonair idirnáisiúnta ar iompar earraí contúirteacha intíre ar bhóithre *(ADR)* agus ar iarnród *(RID)*. Tá comhfhormáid scrúdaithe ann le haghaidh gach páipéar, ach amháin i gcás na bpáipéar a bhaineann le móid shonracha do bhóithre agus d'iarnród.





# TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS & RIALÁLA

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS RIARACHÁN

Comhlíonann an CRI an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Uasdátaíodh an Cód Cleachtais i mí Mheáin Fómhair 2016. Rinne an CRR athbhreithniú in 2019 ar a bheartais agus ar a chleachtais ar aon dul leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit lena chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais an chóid.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tagann cuid den mhaoiniúchán don CRI ó Thobhach Sábháilteachta a chuirtear ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla agus cuid ó Dheontas ón Státchiste.

Féadfaidh an CRI, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh chun tobhach a fhorchur ar eagraíochtaí iarnóid. Tá na Rialacháin i gcomhair 2019 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 191 de 2019. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin ag an gCoimisiún léirithe thíos:

| | **2018** (€ milliún) | **2019** (€ milliún) |
|---|---|---|
| **Buiséad** | 2.37 | 2.465 |
| **Deontas Státchiste** | 0.483 | 0.433 |
| **Riachtanas le Tobhach** | 1.69 | 2.025 |
| **Costais oibriúcháin** | 1.63 | * |
| **Barrachas** | 0.60 | * |

** Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Cuntais iomlána i gcomhair 2019 a iniúchadh*

Foilsítear cuntais iniúchta bliantúla an CRI ar leithligh ón tuarascáil seo ar ár suíomh idirlín.

## LUACH SAOTHAIR IOMLÁN FHOIREANN AN CRI

Miondealú Thuarastail na bhFostaithe;

| **Raon scála pá na dtuarastal** | | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Chuig** | **2018** | **2019** |
| €60,000 | €69,999 | 8 | 2 |
| €70,000 | €79,999 | - | 5 |
| €80,000 | €89,999 | 0 | 0 |
| €90,000 | €99,999 | 2 | 0 |
| €100,000 | €109,999 | 2 | 4 |
| €110,000 | €119,999 | - | - |
| €120,000 | €129,999 | - | - |
| €130,000 | €139,999 | 1 | - |
| €140,000 | €149,000 | - | 1 |

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000 de réir mar a éilítear le Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é €144,971 luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2019.

## TIOMANTAS DON GHAEILGE

Tá an CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá comharthaíocht agus stáiseanóireacht an CRI i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Áiríodh an CRI i measc na n-eagraíochtaí a liostaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo. In 2019 fuarthas dhá iarratas um Shaoráil Faisnéise, diúltaíodh don dá cheann toisc nárbh ann do na taifid a iarradh. Is féidir mionsonraí faisnéise a scaoil an CRI roimhe faoi Shaoráil Faisnéise a fheiceáil ar an Log um Nochtadh faoi Shaoráil Faisnéise ár suíomh idirlín.

## CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an Chairt Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón CRI.

## TUAIRISCEOIREACHT BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

In 2019 thuairiscigh an CRI feidhmíocht na heagraíochta ó thaobh fuinnimh in 2018 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi mar a cheanglaítear air faoi rialacháin an AE. In 2018, níor thaifead an CRI aon choigilteas maidir le fuinnimh a ídiú. Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag obair i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a fheabhsú agus beidh sé ag tuairisciú ar a fheidhmíocht agus ag comhlíonadh a oibleagáid dhlíthiúil chun sonraí fuinnimh a thuairisciú.

## SOCRUITHE RIALACHAIS AN CRI LEIS AN ROINN

Sa bhliain 2019 thug an CRI idir an Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta cothrom le dáta leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Buaileann an CRI le hoifigigh ón Roinn ar bhonn ráithiúil maidir le saincheisteanna rialachais, ar aon dul leis na Comhaontuithe.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2018 – 2020

Tá an CRI i mbun an dara bliana dá Ráiteas Straitéise trí bliana faoi láthair. Leagtar amach leis seo sainordú, misean, fís, agus tosaíochtaí buntábhachtacha an Choimisiúin go deireadh 2020. Forbraíodh an straitéis i gcomhairle le páirtithe leasmhara buntábhachtacha agus le foireann an CRI féin. Déanfaidh sé bunús ghníomhaíocht an CRI i gcaitheamh na tréimhse ama seo agus cuirfear an straitéis i ngníomh tr chláir oibreacha bliantúil an CRI a fhorbairt.

## TUAIRISC FAOI ACHT NA NOCHTUITHE COSANTA 2014

Faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuairisc a fhoilsiú faoi líon na nochtuithe cosanta a dhéantar don chomhlacht poiblí sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh (má rinneadh aon chinn) mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta. In 2019 ní bhfuair an Ceannaire Riaracháin sa CRI, mar an duine forordaithe faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014, aon nochtuithe cosanta ó pháirtithe seachtracha taobh amuigh den Údarás.

## COSAINT SONRAÍ

I rith 2019, lean an CRI ar aghaidh lena bheartais, a chórais agus a nósanna imeachta a uasdátú, agus béim nach beag á leagan ar obair lena a chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí. In 2019 ní bhfuair an CRI aon iarrataí cosanta sonraí.





# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE RIALÁLA IARNRÓID

## RIALÁIL IARNRÓID

Le IR 249 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialáil Iarnróid) 2015, tugtar éifeacht do Threoir 2012/34/AE lena mbunaítear limistéar iarnróid aonair Eorpach agus lena leithdháiltear róil cheadúnúcháin agus mhonatóireachta is rialtóra neamhspleáigh don Choimisiún um Rialáil Iarnróid. Leagtar an ghníomhaíocht i ngach ceann de na réimsí seo i gcomhair 2019 amach thíos.

## ÚDARÁS CEADÚNÚCHÁIN D'EAGRAÍOCHTAÍ IARNRÓID

Is é an CRI an tÚdarás ceadúnúcháin a bhíonn freagrach as iarratais ar cheadúnas a mheasúnú agus as ceadúnas a dheonú d'eagraíocht iarnróid sa Stát. Údarú is ea seo lenar aithníodh cumas na heagraíochta iarnróid seirbhísí iompair iarnróid a sholáthar. Ní féidir le heagraíocht iarnróid seirbhís iarnróid a oibriú gan cheadúnas. Don measúnacht, caithfidh an eagraíocht iarnróid atá ag cur isteach ar cheadúnas a léiriú don Údarás Ceadúnúcháin roimh thosú a gníomhaíochtaí go mbeidh an eagraíocht in ann, tráth ar bith, na ceanglais a chomhlíonadh a bhaineann le dea-cháil, feiliúnacht airgeadais, inniúlacht ghairmiúil agus clúdach dá dliteanas sibhialta. Ní thugann an ceadúnas ann féin teidlíocht don eagraíocht iarnróid teacht ar an mbonneagar iarnróid.

Fuair an CRI aon iarratas nua amháin le haghaidh eagraíocht iarnróid in 2019. Is ó *Translink* ITÉ a tháinig sé agus cuireadh isteach é ar aon dul lenár dtreoir fhoilsithe maidir le hiarratais. Measúnaíodh an t-iarratas agus dhearbhaigh an CRI gur chomhlíon sé ceanglais an iarratais, agus eisíodh ceadúnas.

## COMHLACHT MONATÓIREACHTA NEAMHSPLEÁCH

Is é an CRI an "comhlacht monatóireachta neamhspleách" a ceapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach (Conradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair) idir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann. Leis an gConradh seo, clúdaítear gach gné den bhainistíocht bhonneagair, lena n-áirítear an bonneagar atá i bhfeidhm cheana fhéin a chothabháil agus a athnuachan agus i gcás gur cuí, féadfar tógáil bhonneagair nua a chlúdach freisin. Leagtar amach sonraí struchtúr na n-íocaíochtaí nó na gcistí a leithdháiltear ar na seirbhísí bonneagair, na spriocanna feidhmíochta, i bhfoirm tháscairí agus chritéir cháilíochta, oibleagáidí íosta tuairisceoireachta don bhainisteoir bonneagair ó thaobh ábhair agus mhinicíocht na tuairisceoireachta, fad comhaontaithe an chomhaontaithe agus bearta leasúcháin atá le déanamh má sháraíonn ceachtar de na páirtithe a n-oibleagáidí conarthacha.

Mar an comhlacht monatóireachta neamhspleách, is é feidhmeanna an CRI gníomhú mar an comhlacht monatóireachta neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhainisteora bonneagair i leith a oibleagáidí faoin gConradh; eadránú a dhéanamh i gcás go dtagann díospóid chun cinn idir na páirtithe maidir le ceanglais an chonartha atá le comhlíonadh, an córas monatóireachta feidhmíochta a d'fhorbair an bainisteoir bonneagair a cheadú; aon treochtaí a bhaineann leis an mbainisteoir bonneagair, lena bhfuiltear ag teip ó thaobh na feidhmíochta, a chur in iúl don Aire. Soláthraíonn an CRI tuairiscí don Aire maidir lena mhonatóireacht ar fheidhmíocht an bhonneagair bhainistíochta de réir na bhfrámaí ama a leagtar amach sa chonradh maidir le clár na n oibreacha agus measúnacht ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair le seirbhísí bonneagair a sheachadadh faoi mar a thomhaistear de réir Príomhtháscairí Feidhmíochta amhail an bhail ar an líonra, nóiméid mhoille agus srianta sealadacha ar luas.

Ar an 14ú Márta 2019, d'eisigh an CRI a Thuarascáil Bhliantúil *MAC* BB-IÉ i gcomhair 2018 don Aire.

Áirítear an méid seo a leanas le torthaí buntábhachtacha na tuarascála:

- I bpróifíl chaiteachais phleanáilte BB-IÉ i gcomparáid lena phróifíl iarbhír, taispeántar róchaitheamh thart faoi €2.45M sa Cheathrú Ráithe.
- I ndáil le bail sócmhainní, mar ab amhlaidh le tuarascálacha roimhe, is le *SE&T* a bhain tromlach na bhfabhtanna ach ba cheart a thabhairt faoi deara go mbíonn cion níos airde d'fhabhtanna de dhlúth is d'inneach an trealaimh *SE&T* i gcomparáid le sócmhainní *CCE*.
- Thaispeán próifíl chaiteachais *CCE* róchaitheamh €4.1M in 2018, go príomha mar gheall ar oibreacha breise atá á ndéanamh agus ar roinnt gníomhaíochtaí a bheith á n-athscópáil. Thaifead *SE&T* gannchaitheamh €1.91M
- Bhí na nóiméid mhoille ab fhéidir a chur síos do BB-IÉ laistigh de na tairseacha sainmhínithe ar an iomlán, ach chuaigh na seirbhísí Idirchathrach os cionn na tairsí le 12,109 nóiméid  Maidir le seirbhísí a cuireadh ar ceal, bhí an t-iomlán i gcomhair 2018 laistigh den tairseach sainmhínithe,

Soláthraíodh tuairiscí ráithiúla faoin gconradh don Aire i gcaitheamh 2019.

Cuireadh síneadh bliana le conradh 2014-2018 ar feitheamh an Roinn ITS críoch a chur lena hathbhreithniú ar chonradh 2014-2018. Ghlac an CRI páirt i ngrúpa athbhreithnithe an chonartha a rinne roinnt moltaí i ndáil leis an gcéad chonradh eile atá le dul i bhfeidhm in 2020.

## COMHLACHT RIALÁLA

Ainmnítear an Coimisiún um Rialáil Iarnróid mar an comhlacht rialála chun críocha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialáil Iarnróid) agus na Treorach.

Maidir lena fheidhmeanna, áirítear a bheith ag cinntiú go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an margadh iarnróid, lena n-áirítear a bheith ina chomhlacht achomharc nó gearán a bhaineann le rochtain ar an margadh agus le bheith ag cinntiú go gcomhlíonfaidh na muirir a shocraíonn an bainisteoir bonneagair na Rialacháin seo agus go mbeidh siad neamh-idirdhealaitheach.

Ní bhfuair an Coimisiún aon achomhairc nó ghearáin mar an Comhlacht Rialála in 2019.



# TUAIRISC CHUIMSITHEACH AN CHOIMISINÉARA DON AIRE

Mar Choimisinéir, admhálaim freagracht an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid as a chinntiú go mbeidh córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Deartar an córas rialaithe inmheánach chun rioscaí a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leo ar fad. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbrathfaí iad go tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmhéanaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Choimisiún don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus chomh fada le data faofa na ráiteas airgeadais.

Tá beartas bainistíochta rioscaí ag an gCoimisiún lena leagtar amach a inghlacthacht ó thaobh rioscaí, na próisis bhainistíochta rioscaí atá i bhfeidhm agus lena dtugtar mionsonraí ar róil agus ar fhreagrachtaí foirne i ndáil le rioscaí. Bíonn an beartas ar fáil don fhoireann ar fad a d'fhéadfadh foláireamh a thabhairt don bhainisteoireacht maidir le rioscaí agus laigeachtaí rialaithe atá ag teacht chun cinn.

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i ngníomh ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, oiread agus is féidir, iad a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún. Sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Fhoireann Bainisteoireachta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm atá comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

- tá nósanna imeachta doiciméadaithe le haghaidh gach próisis bhuntábhachtach ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadúcháin cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainisteoireacht shinsearach súil ghéar air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus

Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe buntábhachtacha sin agus aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú,
- tá socruithe tuairisceoireachta bunaithe ar gach leibhéal mar a bhfuil freagracht as bainisteoireacht airgeadais sannta, agus

- déanann an bhainisteoireacht shinsearach athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tráthúla agus bliantúla lena dtugtar feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí le fios.

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an gCoimisiún le cinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Cuirtear ceisteanna, a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar, chun solais faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe rioscaí. Treoraítear monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh de réir obair ár n-iniúchóireachta inmheánaí, na hiniúchóireachta seachtraí agus na bainiseoireachta sinsearaí laistigh den Choimisiún.

Tá Cód Iompair agus Eiticí curtha i bhfeidhm d'fhostuithe.

Táthar ag comhlíonadh bheartas an Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmmeanaigh agus gach fostaí de chuid Comhlachtaí Stáit. Foilsítear mionsonraí ar thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár comhardaithe a bheith foilsithe.

Comhlíonann an Coimisiún gach gné de bheartais taistil an Rialtais.

Comhlíonann an Coimisiún na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní.

Comhlíonann an Coimisiún gach dlí cánach ábhartha.

Tá an Coimisiún ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí.









# AGUISÍN 1 - LITREACHA CEADAITHE CHÉIMEANNA APIS

| | Coincheap | Dearadh Tosaigh | Dearadh Mionsonraithe | *T&C* | Oibriú Eatramhach | Seirbhís |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Céimeanna *APIS* | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Bonneagar | | | | | | |
| LUAS Traschathrach | | | | | √ | |
| Tardhroichead Stáisiún Cheatharlach | | | √ | | | |
| Tardhroichead Stáisiún Inse | | | √ | | | |
| Tardhroichead – Líne Chorcaí/ Mhainistir na Corann | | | √ | | | |
| Fodhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath/na Gaillimhe | | | | | √ | |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath/na Gaillimhe | | | | | | √ |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath /Bhéal Feirste | | | | | | √ |
| Tardhroichead (2) – Líne Bhaile Atha Cliath /Ros Láir | | | | | | √ |
| Córas tacaíochta maidir le cinntí ag crosairí comhréidhe a oibríonn úsáideoirí | | | √ | | | |
| Ardán Ghabhal Luimnigh | | | | | √ | |
| Stáisiún Bhaile Pheiléid | | | √ | | | |
| *GSM-R* | | | | | | √ |
| Rothstoc | | | | | | |
| Tram *Citidas* 502 | | | | | | √ |
| Tram 402 sínte | | | | | | √ |
| Traenacha nua DART | √ | | | | | |
| Inneal ar na Rianta - feithicil ilfheidhme | | | | | | √ |
| Inneal ar na Rianta - céachta ballasta | √ | | | | | |
| Inneal ar na Rianta - rialtóir ballasta | √ | | | | | |
| Inneal ar na Rianta - carr cigireachta | √ | | | | | |
| Inneal ar na Rianta - craein ar na rianta | √ | | | | | |
| Gluaisteoir Loch Duibhlinne | | | | | √ | |
| Páirc Oidhreachta Loilíoch Mór | | | | | | √ |

TÁBLA 1 – LITREACHA 'ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE' A EISÍODH IN 2019.

# AGUISÍN 2
## LÍON NA BPAISINÉIRÍ AR NA CÓRAIS IARNRÓID TROMA AGUS ÉADROMA 2019



## AGUISÍN 3

Cuirtear an stádas, bliain ar bhliain, maidir le torthaí a bhí ag an CRI i rith a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta, i láthair sna táblaí seo a leanas. Tá an stádas reatha, i dtéarmaí na dtorthaí, sna línte a bhaineann le 2019.

**Torthaí Iniúchóireachta an CRI do BB- IÉ**

| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| **31/12/2014** | 100 | 40 | 0 | 0 | 127 | 23 |
| **31/12/2015** | 33 | 16 | 0 | 0 | 194 | 49 |
| **31/12/2016** | 6 | 3 | 5 | 5 | 216 | 57 |
| **31/12/2017** | 22 | 10 | 7 | 3 | 221 | 61 |
| **31/12/2018** | 32 | 14 | 3 | 3 | 232 | 64 |
| **31/12/2019** | 26 | 12 | 2 | 3 | 239 | 66 |

**Torthaí Cigireachta an CRI do BB- IÉ**

| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| **31/12/2016** | 10 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **31/12/2017** | 12 | 4 | 0 | 0 | 5 | 3 |
| **31/12/2018** | 28 | 5 | 0 | 0 | 5 | 3 |
| **31/12/2019** | 56 | 16 | 0 | 1 | 5 | 3 |

**Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra an CRI do BB- IÉ**

| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| **31/12/2014** | 27 | 10 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **31/12/2015** | 14 | 3 | 0 | 0 | 13 | 7 |
| **31/12/2016** | 11 | 7 | 2 | 0 | 26 | 9 |
| **31/12/2017** | 11 | 3 | 1 | 0 | 28 | 13 |
| **31/12/2018** | 9 | 0 | 1 | 0 | 35 | 16 |
| **31/12/2019** | 54 | 5 | 1 | 0 | 41 | 16 |

| Torthaí Iniúchóireachta an CRI do GI-IÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2014 | 78 | 28 | 1 | 0 | 12 | 2 |
| 31/12/2015 | 71 | 26 | 1 | 0 | 31 | 6 |
| 31/12/2016 | 18 | 6 | 48 | 16 | 46 | 13 |
| 31/12/2017 | 10 | 1 | 43 | 12 | 64 | 22 |
| 31/12/2018 | 13 | 6 | 37 | 12 | 78 | 23 |
| 31/12/2019 | 5 | 9 | 26 | 8 | 98 | 28 |

| Torthaí Cigireachta an CRI do GI-IÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2016 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2017 | 14 | 5 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| 31/12/2018 | 21 | 4 | 4 | 2 | 8 | 5 |
| 31/12/2019 | 15 | 3 | 2 | 1 | 18 | 7 |

| Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra an CRI do GI-IÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2014 | 6 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2015 | 9 | 4 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| 31/12/2016 | 3 | 1 | 6 | 3 | 5 | 1 |
| 31/12/2017 | 0 | 0 | 8 | 4 | 7 | 1 |
| 31/12/2018 | 6 | 2 | 7 | 4 | 8 | 1 |
| 31/12/2019 | 8 | 2 | 6 | 1 | 13 | 4 |

| Torthaí Iniúchóireachta an CRI do LUAS | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stádas ag** | **Oscailte** | | **Críochnaithe** | | **Dúnta** | |
| | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** |
| **31/12/2014** | 54 | 6 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| **31/12/2015** | 50 | 4 | 0 | 0 | 22 | 3 |
| **31/12/2016** | 22 | 2 | 26 | 2 | 28 | 3 |
| **31/12/2017** | 27 | 5 | 25 | 1 | 29 | 4 |
| **31/12/2018** | 27 | 5 | 22 | 0 | 34 | 5 |
| **31/12/2019** | 43 | 10 | 22 | 0 | 34 | 5 |

| Torthaí Cigireachta an CRI do LUAS | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stádas ag** | **Oscailte** | | **Críochnaithe** | | **Dúnta** | |
| | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** |
| **31/12/2018** | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| **31/12/2019** | 5 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 |

Níl aon Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra ann go dtí seo

| Torthaí Iniúchóireachta an CRI do *BBRI* | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stádas ag** | **Oscailte** | | **Críochnaithe** | | **Dúnta** | |
| | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** | **GRanna** | **NRanna** |
| **31/12/2014** | 5 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **31/12/2015** | 0 | 0 | 0 | 3 | 5 | 1 |
| **31/12/2016** | 1 | 0 | 6 | 1 | 10 | 4 |
| **31/12/2017** | 8 | 4 | 3 | 0 | 15 | 5 |
| **31/12/2018** | 6 | 2 | 7 | 4 | 17 | 5 |
| **31/12/2019*** | 0 | 0 | 3 | 0 | 27 | 11 |

* - Nóta: Ar 07/07/2019 d'éirigh *BBRI* as oibríochtaí mar shealbhóir Deimhnithe Gnóthais Iarnróid

Níl aon torthaí Cigireachta ann go dtí seo

Níl aon Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra ann go dtí seo

| Torthaí Iniúchóireachta an CRI do *RPSI* | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2014 | 11 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2015 | 11 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| 31/12/2016 | 9 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |
| 31/12/2017 | 9 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |
| 31/12/2018 | 9 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |
| 31/12/2019 | 16 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |

| Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra an CRI don *RPSI* | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2018 | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2019 | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Níl aon Torthaí Cigireachta ann go dtí seo

| Torthaí Iniúchóireachta an CRI do ITÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2014 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2015 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2016 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2017 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2018 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2019 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| Torthaí Cigireachta an CRI do ITÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2018 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| 31/12/2019 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |

| Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra an CRI do ITÉ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Stádas ag | Oscailte | | Críochnaithe | | Dúnta | |
| | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| 31/12/2016 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2017 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2018 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 |
| 31/12/2019 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 |

### Moltaí Sábháilteachta an AITI

Uasdátaíodh na catagóirí stádais i mí Iúil 2019, agus an stádas 'Críochnaithe' á dhealú ina dhá leath, 'Curtha Isteach' agus 'TFI' (Tuilleadh fianaise iarrtha) chun aird a tharraingt ar an bhfíric go bhfuil gníomhartha déanta.

### Is iad seo a leanas na catagóirí stádais;

**Oscailte / Ar Siúl:** Táthar ag feitheamh le (Fianaise) ó Eagraíocht Iarnróid (nó ó pháirtí eile) nó níl gníomhartha críochnaithe go fóill.

**Curtha Isteach:** Tá aighneacht curtha isteach chuig an CRI ag Eagraíocht Iarnróid (nó ag páirtí eile), á thabhairt le fios go bhfuil bearta déanta chun an moladh a chur i bhfeidhm agus tá an CRI ag meas cibé acu an ndúnfar an moladh.

**TFI (Tuilleadh Fianaise Iarrtha):** Tá athbhreithniú déanta ag an CRI ar aighneacht (nó ar aighneacht thairis sin) ach measann go bhfuil tuilleadh fianaise riachtanach chun clabhsúr a chur leis an moladh sábháilteachta.

**Dúnta:** Tá athbhreithniú déanta ag an CRI ar aighneacht (nó ar aighneacht thairis sin) agus tá sé sásta go bhfuil aghaidh tugtha ar an moladh sábháilteachta.



| | | Líon na Moltaí ón AITI | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Líon na dTuairiscí** | **Oscailte** | **Curtha Isteach** | **TFI** | **Dúnta** | **Iomlán** |
| 2010 | **6** | 1 | 0 | 0 | 26 | 27 |
| 2011 | **6** | 0 | 0 | 2 | 15 | 17 |
| 2012 | **3** | 0 | 0 | 1 | 12 | 13 |
| 2013 | **3** | 0 | 0 | 1 | 9 | 10 |
| 2014 | **6** | 0 | 0 | 5 | 21 | 26 |
| 2015 | **2** | 0 | 0 | 2 | 2 | 4 |
| 2016 | **3** | 8 | 0 | 2 | 10 | 20 |
| 2017 | **1** | 3 | 0 | 1 | 5 | 9 |
| 2018 | **1** | 6 | 1 | 1 | 1 | 9 |
| 2019 | **3** | 29 | 4 | 2 | 1 | 36 |
| **Iomláin** | **41** | **47** | **5** | **17** | **136** | **205** |
| | | | | | *Líon Iomlán na Moltaí go dtí seo* | **205** |




## AGUISÍN 4 - TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

| Catagóir | '09 | '10 | '11 | '12 | '13 | '14 | '15 | '16 | '17 | '18 | '19 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce trae-nach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagair Iarnróid: gortuithe do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagair iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairteoir, gan baint ag aon traein leis | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist | 3 | 8 | 7 | 5 | 4 | 6 | 2 | 5 | 9 | 8 | 4 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 17 | 64 | 46 | 41 | 39 | 45 | 48 | 79 | 57 | 74 | 76 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 40 | 28 | 10 | 27 | 43 | 18 | 15 | 31 | 33 | 46 | 38 | |
| **Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | |
| Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein | 1 | 0 | 2 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | |
| **Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do chustaiméir nó do chuairteoir ar áitreabh | 56 | 85 | 113 | 116 | 193 | 205 | 146 | 192 | 321 | 199 | 288 | |
| Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraithe san áireamh | 0 | 0 | 0 | 5 | 3 | 0 | 1 | 2 | 6 | 0 | 2 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfach d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 13 | 11 | 7 | 13 | 5 | 21 | 3 | 1 | 0 | 13 | 7 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 31 | 27 | 22 | 32 | 39 | 43 | 32 | 30 | 30 | 13 | 35 | |
| **Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 34 | 30 | 23 | 32 | 41 | 25 | 6 | 23 | 22 | 26 | 26 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 0 | 3 | 1 | 1 | 1 | |
| **Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 21 | 10 | 18 | 10 | 14 | 18 | 13 | 11 | 10 | 12 | 15 | |

*Tábla 1: Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Básanna & Gortuithe*

| Catagóir | '09 | '10 | '11 | '12 | '13 | '14 | '15 | '16 | '17 | '18 | '19 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar líne reatha | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach/ feithicle iarnróid i stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | |
| Imbhualadh traenach le mótarfheithicil ag crosaire comhréidh | 0 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 3 | 1 | 2 | |
| Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le mótarfheithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne | 10 | 1 | 7 | 6 | 7 | 29 | 1 | 31 | 25 | 23 | 8 | |
| Imbhualadh traenach le hainmhí nó ain-mhithe móra ar an líne | 20 | 24 | 35 | 26 | 29 | 9 | 29 | 35 | 23 | 11 | 11 | |
| **IOMLÁN** | **31** | **29** | **43** | **36** | **39** | **41** | **33** | **68** | **53** | **36** | **22** | |


*Tábla 2: Staitisticí maidir le himbhuailtí traenach de réir na bliana de réir catagóirí*




*Graf 2: Líon iomlán na n-imbhuailtí traenach de réir na bliana*

## COMHARTHAÍ CONTÚIRTE A NDEACHTHAS THARSTU (SPADANNA)


Sainmhínítear *SPAD* mar rud atá tarlaithe nuair a théann traein thar comhartha stad (dearg) gan údarás. Imeacht réamhtheachta ar leith a bhíonn iontu a ndéanann an CRI monatóireacht orthu ag a gcruinnithe maoirseachta le IÉ. Laghdú ar líon na réamhtheachtaí seo is ea an treocht atá ann le blianta beaga anuas.



*Graf 3: Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstu*


## TRAENACHA A D'IMIGH DE NA RÁILLÍ

Fanann líon na dtraenacha a imíonn de na ráillí ar leibhéil ísle.



*Graf 4: Traenacha a d'imigh de na ráillí.*


## TIONÓISCÍ TRÁCHTA AR BHÓITHRE (IMBHUAILTÍ) A BHAIN LE TRAMANNA DE RÉIR NA BLIANA




*Graf 5: Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre (Imbhuailtí) a bhain le tramanna de réir na bliana*

## COMHARTHAÍ CONTÚIRTE A NDEACHTHAS THARSTU (SPADANNA) LUAS


Tarlaíonn eachtraí *SPAD* ar líonra LUAS freisin, cé nach n-aithníonn an córas comharthaíochta iad seo go huathoibríoch. Ina áit sin, bítear ag brath ar an tiománaí féintuairisciú a dhéanamh i gcás go dtéann siad thar chomhartha contúirte. Níl ach staitisticí teoranta ar fáil i gcomhair na gceithre bliana roimhe don táscaire seo, toisc go meastar gur catagóir sábháilteachta réasúnta nua atá ann i gcomhair an iarnróid éadroim.




*Graf 6: Comhartha Contúirte/Stad Tram a nDeachthas tharstu*

## TRAMANNA A D'IMIGH DE NA RÁILLÍ

Tá líon na dtramanna a imíonn de na ráillí fós ag leibhéil ísle agus tuairiscíodh aon chás amháin inar imigh tram den phríomhlíne sa bhliain 2019.




*Graf 7– Tramanna a d'imigh de na ráillí*

## STAITISTICÍ BREISE MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH NA SÁBHÁILTEACHTA

In 2019 bhí díreach aon tarlúint intuairiscithe amháin ag ***BBRI***, arbh fheabhsú ar bhlianta roimhe í sin. Eachtra *SPAD* ab ea an tarlúint intuairiscithe seo in aice le Stáisiún Thiobraid Árann a bhain le hInneall Ar na Rianta. Níor tharla aon ghortuithe ná damáiste don ineall nó don bhonneagar.

In 2019 níor thuairiscigh BNM aon tarlúintí don CRI.

Ní raibh aon tarlúintí tuairiscithe ag an *Railway Preservation Society of Ireland* nó ag aon cheann de na hiarnróid oidhreachta a bhí i mbun oibriúcháin in 2019. É sin ráite, thug cigirí an CRI faoi chuairt ar gach ceann de na hiarnróid oidhreachta oscailte in 2019 agus cigireacht á déanamh acu ar rothstoc agus ar shócmhainní bonneagair agus ar a gcórais bhainistíochta sábháilteachta faoi seach.

## AGUISÍN 5 – IARNRÓID OIDHREACHTA

**Iarnróid Oidhreachta le Deimhniú Sábháilteachta reatha**

| | |
|---|---|
| Iarnród Éadrom Dhuibhlinne<br>Páirc Oakfield<br>Ráth Bhoth<br>Co. Dhún na nGall | Iarnród caol príobháideach is ea Iarnród Éadrom Dhuibhlinne, 4.5km ar a fhad, ar thailte Dhiméin Pháirc Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún nan nGall. Ritheann an líne trí gharraithe éagsúla a bhfuil tírdhréachtú déanta orthu lena n-áirítear gnéithe mar fhaichí, lochanna, coillte, móinéir agus srutháin. |
| Cumann Traenach na Gaeltacht Láir<br>Baile na Finne<br>Co. Dhún na nGall | Iarnród caol is ea Cumann Traenach na Gaeltacht Láir atá 4.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó Bhaile na Finne chuig rinn ar a dtugtar 'Ceann an Locha'. Tionscadal ar leis an gcomhphobal é atá maoinithe ag an Rialtas agus oscailte don phobal ar dhátaí sonraithe. |
| Iarnród Caol *Irish Steam Preservation Society*<br>Sráidbhaile<br>Co. Laoise | Tá an t-Iarnród caol ag *Irish Steam Preservation Society*, a luaitear ar a chuid margaíochta mar Mhearthraein Choillearnach Shráidbhaile, lonnaithe i gcoil-learnach Eastát Halla Shráidbhaile trí aontú léasa leis an tiarna talún. Iarnród caol atá ann, 800m ar a fhad. Oibrithe deonacha a fheidhmíonn an t iarnród chun críocha oidhreachta agus áineasa. |
| Traein Aonráille Lartigue<br>Bóthar John B Keane<br>Lios Tuathail<br>Co. Chiarraí | Tá Traein Aonráille Lartigue, *LMR*, suite ar bhóthar John B Keane, Lios Tuathail, Co. Chiarraí. Tá trí limistéar suaithinseacha san iarnród, mar atá, an Príomhlái-threán, an Iarsmalann agus an Láithreán bunaidh. Tá an t-iarnród féin suite laistigh den phríomhláithreán. Tá an bealach isteach chuig an láithreán i gceist le cuid na hIarsmalainne, chomh maith leis an gcarrchlós agus foirgn-eamh na hIarsmalainne. Ar chúl an charrchlóis tá an Láithreán bunaidh mar a aimsíodh Lartigue 1886, ar nochtadh a iarsmaí. |
| Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo,<br>Loilíoch Mór<br>Ráth Iomgháin<br>Co. Chill Dara | Turas lúbtha 1km ar a fhad is ea Iarnród Oidhreachta Loilíoch Mór trí thailte Iagphortaigh atá á n-athshlánú i bPáirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara. |
| Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire<br>Stáisiún Chill Mhíodáin<br>Cill Mhíodáin<br>Co. Phort Láirge | Iarnród caol is ea Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire idir Stáisiún Chill Mhíodáin agus Carraig na bhFraochán, Cathair Phort Láirge. Ritheann sé ar chuid den líne iarnróid tréigthe idir Port Láirge agus Mala. Tá an t-iarnród 10km ar a fhad. Bord Stiúrthóirí deonacha a dhéanann maoirseacht ar an gCuideachta. |
| Iarnród an Chabháin & Liatroma<br>Dromod<br>Co. Liatroma | Iarnród caol is ea Iarnród Iarnród an Chabháin & Liatroma atá 0.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó stáisiún Dhromaid chuig pointe istigh agus amuigh ar 90 méadar ó bhóthar Mhaothail-Dhromaid ar raon bunaidh Iarnród an Chabháin agus Liatroma. |


## AGUISÍN 5 – IARNRÓID OIDHREACHTA

**Iarnróid Oidhreachta nach bhfuil Deimhniú Sábháilteachta reatha acu**

| | |
|---|---|
| Cuideachta Iarnród Gaile Thrá Lí-An Daingean Teo<br>Halla an Bhaile<br>Cé an Phrionsa<br>Trá Lí<br>Co. Chiarraí | Iarnród caol is ea Iarnród Thrá Lí-An Daingean atá 3km ar a fhad agus a ritheann ó Stáisiún an Bhaile Aird ag Trá Lí chuig Stáisiún Chathair Uí Mhóráin. Ritheann an t-iarnród ar feadh líne na líne iarnróid dúnta idir Trá Lí agus an Daingean. |
| Iarnród an Chláir Thiar Teo<br>Gabhal Mhaigh Sheasta<br>Cill Rois | Iarnród caol is ea Iarnród an Chláir Thiar, a oibrítear thar 4km de raonta. Tá lár an iarnróid ag an iarstáisiún ag Maigh Sheasta, in aice Chill Rois Co. an Chláir mar a bhfuil teach bunaidh an stáisiúin athchóirithe le bheith ina iarsmalann. Ritheann an líne atá á húsáid thar leaba raonta bunaidh Iarnród an Chláir Thiar. |



**Nótaí**




Sonraí Teagmhála

Guthán +353 1 2068110

Rphost info@crr.ie

Seoladh Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire